META-NET

White Paper Series

Sraith Páipéar Bán

THE IRISH LANGUAGE IN THE DIGITAL AGE

AN GHAEILGE SA RÉ DHIGITEACH

John Judge
Ailbhe Ní Chasaide
Rose Ní Dhubhda
Kevin P. Scannell
Elaine Uí Dhonnchadha

Springer

White Paper Series Sraith Páipéar Bán

THE IRISH LANGUAGE IN THE DIGITAL AGE

AN GHAEILGE SA RÉ DHIGITEACH

John Judge CNGL
Ailbhe Ní Chasaide Coláiste na Tríonóide
Rose Ní Dhubhda OÉ Gallimh
Kevin P. Scannell Saint Louis University
Elaine Uí Dhonnchadha Coláiste na Tríonóide

Georg Rehm, Hans Uszkoreit
(eagarthóirí, editors)

RÉAMHRÁ

Tá an páipéar bán seo mar chuid de shraith a chuireann chun cinn faisnéis maidir le teicneolaíocht teanga agus a cumas. Díríonn sé ar oideachasóirí, iriseoirí, polaiteoirí, pobail teanga agus daoine eile.

Tá difríochtaí idir infhaighteacht agus úsáid teicneolaíocht teanga san Eoraip ó theanga go teanga. Dá bhrí sin, ní hionann na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do thaighde agus forbairt teicneolaíochtaí teanga i ngach teanga. Braitheann na gníomhaíochtaí a theastaíonn ar go leor tosca, cosúil le castacht na teanga agus méid a pobail.

Tá anailís déanta ag META-NET, Gréasán Sármhaitheasa arna mhaoiniú ag Coimisiún na hEorpa, ar na hacmhainní agus teicneolaíochtaí teanga reatha (lch. 89). Dhírigh an anailís seo ar na 23 teanga oifigiúil Eorpach mar aon le teangacha náisiúnta agus réigiúnacha tábhachtacha eile san Eoraip. Tugann torthaí na hanailíse seo le fios go bhfuil bearnaí taighde suntasacha i ngach teanga. Cuideoidh anailís agus measúnú saineolach níos mionsonraithe ar an gcás reatha le tionchar taighde bhreise a uasmhéadú agus na rioscaí a íoslaghdú.

Tá 54 ionad taighde as 33 tír i META-NET atá ag oibriú le geallsealbhóirí ó ghnólachtaí tráchtála (lch. 85), gníomhaireachtaí rialtais, tionscal, eagraíochtaí taighde, cuideachtaí bogearraí, soláthraithe teicneolaíochta agus ollscoileanna san Eoraip. Le chéile, tá siad ag cruthú comhfhís teicneolaíochta agus ag forbairt clár taighde straitéiseach a léiríonn an chaoi gur féidir le feidhmchláir teicneolaíochta teanga dul i ngleic le bearna i dtaighde faoi 2020.

PREFACE

This white paper is part of a series that promotes knowledge about language technology and its potential. It addresses journalists, politicians, language communities, educators and others. The availability and use of language technology in Europe varies between languages. Consequently, the actions that are required to further support research and development of language technologies also differ. The required actions depend on many factors, such as the complexity of a given language and the size of its community.

META-NET, a Network of Excellence funded by the European Commission, has conducted an analysis of current language resources and technologies in this white paper series (p. 89). The analysis focuses on the 23 official European languages as well as other important national and regional languages in Europe. The results of this analysis suggest that there are tremendous deficits in technology support and significant research gaps for each language. The given detailed expert analysis and assessment of the current situation will help maximise the impact of future research.

As of November 2011, META-NET consists of 54 research centres in 33 European countries (p. 85). META-NET is working with stakeholders from economy (software companies, technology providers and users), government agencies, research organisations, non-governmental organisations, language communities and European universities. Together with these communities, META-NET is creating a common technology vision and strategic research agenda for multilingual Europe 2020.

META-NET – office@meta-net.eu – http://www.meta-net.eu

Tá údair na cáipéise seo buíoch d’údair an Pháipéir Bháin ar an nGearmáinis as cead a thabhairt ábhair neamhspleách ó theanga óna gcáipéis a athúsáid [1].

Mhaoinigh an Seachtú Creatchlár agus Clár Tacaíochta Beartais TFC de Choimisiún na hEorpa faoi na conarthaí T4ME (Comhaontú Deontais 249 119), CESAR (Comhaontú Deontais 271 022), METANET4U (Comhaontú Deontais 270 893) agus META-NORD (Comhaontú Deontais 270 899) forbairt an pháipéir bháin seo.

The authors of this document are grateful to the authors of the white paper on German for permission to re-use selected language-independent materials from their document [1].

The development of this white paper has been funded by the Seventh Framework Programme and the ICT Policy Support Programme of the European Commission under the contracts T4ME (Grant Agreement 249 119), CESAR (Grant Agreement 271 022), METANET4U (Grant Agreement 270 893) and META-NORD (Grant Agreement 270 899).

CLÁR ÁBHAR CONTENTS

An GHAEILGE SA RÉ DHIGITEACH

THE IRISH LANGUAGE IN THE DIGITAL AGE

ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Le 60 bliain anuas, tá an Eoraip tagtha chun cinn amhail struchtúr polaitiúil agus eacnamaíoch, ach tá éagsúlacht mhór fós inti maidir le cultúr agus teangacha. Dá bhrí sin, ón bPortaingéilis go Polainnis agus ó Iodáilis go hÍoslainnis, bíonn baic theanga i gceist le cumarsáid laethúil idir saoránaigh na hEorpa mar aon le cumarsáid sa saol gnó agus polaitiúil. Caitheann institiúidí an AE timpeall billiún euro sa bhliain ar a mbeartas ilteangachais a chothabháil, i. e. aistriú téacsanna agus teangaireacht a dhéanamh ar chumarsáid labhartha. An gá gur ualach chomh mór a bheadh anseo? Tig le teicneolaíocht teanga (TT) nua-aimseartha agus taighde theangeolaíoch cabhrú leis na teorainneacha teangeolaíocha a shárú. Nuair a nasctar an teicneolaíocht teanga le gairis agus feidhmchláir chliste, beidh sí in ann amach anseo cuidiú le muintir na hEorpa labhairt go héasca lena chéile agus gnó a dhéanamh lena chéile, fiú mura labhraíonn siad an teanga chéanna.

Cruthaíonn teicneolaíocht teanga droichid do thodhchaí na hEorpa.

Baineann geilleagar na hÉireann an-bhuntáiste as an margadh Eorpach aonair:

In 2010, b'ionann trádáil san AE agus 57.9% d'easpórtálacha na hÉireann agus b'ionann trádáil le tíortha Eorpacha eile agus 4.9% [2]. Ach tig le baic theanga stop a chur le gnó, go háirithe le SMEanna nach bhfuil na hacmhainní airgeadais acu an cás a chur ina cheart. An t-aon rogha (tubaisteach) a bheadh ann ar an Eoraip ilteangach seo go mbeadh teanga amháin ceannasach agus go dtiocfadh sí in áit na dteangacha eile.

Bealach amháin chun bac teanga a shárú is ea teangacha iasachta a fhoghlaim. Ach gan tacaíocht theicneolaíoch, ní fhéadfadh saoránaigh na hEorpa agus a geilleagar, díospóireacht pholaitiúil agus dul chun cinn eolaíochta máistreacht a fháil ar na 23 teanga oifigiúil agus na 60 eile teanga Eorpach.

Is é réiteach na faidhbe príomhtheicneolaíochtaí cumasaithe a thógáil. Gheobhaidh rannpháirtithe Eorpacha buntáistí ollmhóra astu seo, ní hamháin sa chómhargadh Eorpach agus i gcaidreamh trádála le geilleagair forbarthacha, go háirithe le geilleagair éiritheacha. Chun an sprioc seo a bhaint amach agus éagsúlacht chultúir agus theangeolaíoch na hEorpa a chaomhnú, is gá ar dtús anailís chórasach a dhéanamh ar mhionsonraíochtaí teanga na dteangacha Eorpacha ar fad, agus an bhail reatha atá ar thacaíocht teicneolaíochta dóibh. Beidh réitigh teicneolaíochta teanga ina ndroichid uathúla idir teangacha Eorpacha faoi dheireadh.

Teicneolaíocht teanga ina heochair don todhchaí.

Ní shásaíonn na huirlisí aistriúcháin uathoibríocha agus próiseála urlabhra atá ar an margadh faoi láthair an sprioc uaillmhianach seo. Tá na rannpháirtithe ceannasacha sa réimse seo faoi úinéireacht phríobháideach go príomha chun brabach a dhéanamh agus bunaithe i Meiriceá Thuaidh. Bhí a fhios ag an AE faoi dheireadh na 1970idí go raibh teicneolaíocht teanga anábhartha mar thiománaí d'aontacht Eorpach, agus chuir siad tús leis na chéad tionscadail taighde, amhail EUROTRA. Ag an am céanna, bunaíodh go leor tionscadail náisiúnta a chothaigh torthaí luachmhara, ach nár eascair gníomhaíocht Eorpach astu. I gcodarsnacht leis an iarracht mhaoinithe ardroghnach seo, bhunaigh sochaithe ilteangacha eile cosúil leis an India (22 teanga oifigiúil) agus an Afraic Theas (11 theanga oifigiúla) cláir náisiúnta fhadtéarmacha do thaighde agus forbairt teicneolaíochta teanga.

Tá na gníomhairí is mó i dteicneolaíocht teanga inniu ag brath ar chur chuige staitistiúil neamhbheacht nach n-úsáideann modhanna agus faisnéis theangeolaíoch níos doimhne. Mar shampla, aistrítear abairtí go huathoibríoch trí abairt nua a chur i gcomparáid leis na mílte abairt a d'aistrigh daoine cheana. Braitheann caighdeán an aschuir go mór ar mhéid agus caighdeán an chorpais shamplaigh atá ar fáil. Cé gur féidir torthaí sásúla a fháil as aistriú uathoibríoch abairtí simplí i dteangacha ina bhfuil dóthain ábhair théacs ar fáil, ní éireoidh le modhanna staitistiúla chomh héadomhain sin i gcás teangacha ina bhfuil corpas ábhar téacs i bhfad níos lú nó i gcás abairtí le struchtúir chasta.

Cuidíonn Teicneolaíocht Teanga chun an Eoraip a chomhaontú.

Dá bhrí sin, tá cinneadh déanta ag an Aontas Eorpach maoniú a thabhairt do thionscadail cosúil le EuroMatrix agus EuroMatrixPlus (ó 2006) agus iTranslate4 (ó 2010) a dhéanann taighde bunúsach agus feidhmeach agus a chothaíonn acmhainní chun réitigh theicneolaíochta teanga ardchaighdeáin a bhunú do gach teanga Eorpach. Is é an t-aon bhealach chun dul chun cinn a dhéanamh anailís a dhéanamh ar airí struchtúrtha níos doimhne teangacha má theastaíonn uainn feidhmchláir a thógáil a fheidhmíonn go maith don réimse teangacha ar fad san Eoraip.

Tá rath bainte amach ag taighde Eorpach sa réimse seo cheana. Mar shampla, úsáidtear MOSES, bogearra aistriúcháin uathoibríoch foinse oscailte, a forbraíodh go príomha trí thionscadail taighde Eorpacha anois i seirbhísí aistriúcháin an Aontais Eorpaigh. Chuir tionscadal Verbmobil, arna mhaoiniú ag Aireacht Oideachais agus Taighde na Gearmáine (BMBF) idir 1993 agus 2000, an Ghearmáin chun tosaigh i réimse an taighde um aistriú urlabhra ar feadh scathaimh. Dúnadh nó bogadh chuig ionad eile go leor de na saotharlanna taighde agus forbartha a bhí sa Ghearmáin ag an am (e. g., IBM agus Philips). In ionad dul ar aghaidh ó thorthaí na dtionscadal taighde seo, dhírigh an Eoraip ar ghníomhaíochtaí taighde aonair nach raibh tionchar chomh forleatach acu ar an margadh. Is féidir luach geilleagrach na n-iarrachtaí is luaithe fiú a fheiceáil sa líon seachthionscadal. Díoladh an chuideachta Trados, a bunaíodh i 1984, le SDL atá bunaithe sa RA in 2005.

Ag tarraingt ar an léargas a fuarthas go dtí seo, is léir go mbeidh teicneolaíocht teanga 'hibride' an lae inniu, a mheascann próiseáil dhomhain le modhanna staitistiúla, in ann an bhearna idir gach teanga Eorpach agus teangacha eile nach iad a líonadh. Mar a léirítear sa tsraith páipéar bána seo, tá difríocht ollmhór sa staid ullmhachta maidir le réitigh theanga agus an staid taighde idir ballstáit na hEorpa. Tá an Ghaeilge, mionteanga san AE, agus go deimhin in Éirinn, i mbaol bheith fágtha taobh thiar i ndáil le dul chun cinn mura ngníomhaítear i dtreo bunteicneolaíocht teanga comhpháirte a sholáthar le tacú leis an teanga. Ag an am céanna, tá Éire i staid láidir chun na teicneolaíochtaí seo a fhorbairt agus ról lárnach bheith aici go geilleagrach agus i dtaobh na heolaíochta i ndul chun cinn suntasach a dhéanamh sa réimse ina iomláine, de bharr ardchaighdeán in aistriúchán agus logánú agus taighde teicneolaíocht teanga.

Is í sprioc fhadtéarmach META-NET teicneolaíocht teanga ardchaighdeáin a chur ar fáil do gach teanga d'fhonn comhaontacht pholaitiúil agus gheilleagrach a bhaint amach trí éagsúlacht chultúrtha. Cuideoidh an teicneolaíocht le baic reatha a bhaint anuas agus droichid a chruthú idir teangacha na hEorpa. Chun é seo a bhaint amach, caithfidh gach geallsealbhóir –

Cuireann an tsraith páipéar bán seo le gníomhaíochtaí straitéiseacha eile a rinneadh META-NET (feic an aguisín chun léargas ginearálta a fháil). Is féidir faisnéis suas chun dáta cosúil le leagan reatha an pháipéir fhíse META-NET [3] nó Clár Taighde Straitéiseach (SRA) a fháil ar shuíomh gréasáin META-NET: http://www.meta-net.eu.

2

RIOSCA DÁR DTEANGACHA AGUS DÚSHLÁN DÁR DTEICNEOLAÍOCHT TEANGA

Táimid i lár réabhlóid dhigiteach a bhfuil tionchar suntasach aici ar chumarsáid agus ar an tsochaí. Cuirtear forbairtí a rinneadh le déanaí i dteicneolaíocht fainséise agus chumarsáide digití i gcomparáid uaireanta le hairgeadh Gutenberg an chlóphreasa. Céard a insíonn an analach seo dúinn faoi thodhchaí shocaí faisnéise na hEorpa agus ár dteangacha go háirithe?

> I láthair na huaire tá réabhlóid dhigiteach ar siúl ar féidir í a chur i gcomparáid le hairgeadh Gutenberg an chlóphreasa.

Tar éis airgeadh Gutenberg, baineadh amach dul chun cinn suntasach i gcumarsáid agus malartú faisnéise trí iarrachtaí cosúil le haistriú Luther ar an mBíobla i dteanga logánta. Sna haoiseanna ina dhiaidh sin, forbraíodh teicníochtaí cultúrtha chun próiseáil teanga agus malartú faisnéise a láimhseáil ar bhealach níos fearr:

- chumasaigh caighdeánú ortagrafach agus gramadaí na mórtheangacha scaipeadh tapa smaointe eolaíocha agus intleachta nua;
- chuir forbairt teangacha oifigiúla ar chumas saoránaigh cumarsáid a dhéanamh laistigh de theorainneacha éagsúla (teorainneacha polaitiúla go minic);
- chumasaigh múineadh agus aistriú teangacha malartuithe thar theangacha;
- chinntigh cruthú treoirlínte eagarthóireachta agus bibleagrafacha caighdeán agus infhaighteacht ábhar priontailte;
- shásaigh cruthú meán éagsúla cosúil le nuachtáin, raidió, teilifís, leabhair agus formáidí eile riachtanais éagsúla chumarsáide.

Le fiche bliain anuas, tá teicneolaíocht fasnéise ag cuidiú le go leor próiseas a uathoibriú agus a éascú:

- tá bogearraí um fhoilsitheoireacht deisce tagtha in ionad clóscríofa agus clóchuir;
- tá Microsoft PowerPoint tagtha in ionad leathanaigh thrédhearcacha ar osteilgeoir;
- seolann agus faigheann ríomhphoist cáipéisí níos tapúla ná meaisín facsála;
- is féidir glaonna Idirlín saora agus cruinnithe fíorúla a reáchtáil le Skype;
- is éasca ábhar ilmheáin a mhalartú i bhformáidí ionchódaithe fuaime agus físe;
- tugann innill chuardaigh rochtain ar leathanaigh ghréasain bunaithe ar eochairfhocail;
- tugann seirbhísí cosúil le Google Translate neasaistriúcháin ghasta;
- éascaíonn léibhinn mheáin shóisialta amhail Facebook, Twitter agus Google+ cumarsáid, comhoibriú agus roinnt faisnéise.

Cé go bhfuil uirlisí agus feidhmchláir mar seo úsáideach, níl siad in ann tacú le sochaí inbhuanaithe, ilteangach na hEorpa do chách go fóill, inar féidir le faisnéis agus earraí sreabhadh go héasca.

2.1 CUIREANN TEORAINNEACHA TEANGA BAC AR SHOCHAÍ FAISNÉISE NA HEORPA

Ní thig linn a thuar cén chuma a bheidh ar an tsochaí faisnéise amach anseo. Ach tá seans láidir ann go bhfuil an reábhlóid i dteicneolaíocht chumarsáide ag tabhairt daoine a labhraíonn teangacha difriúla le chéile ar bhealaí nua. Tá brú á chur aige seo ar dhaoine teangacha nua a fhoghlaim agus go háirithe ar fhorbróirí chun feidhmchláir theicneolaíochta nua a chruthú a chinnteoidh comhthuiscint agus rochtain ar fhaisnéis is féidir a roinnt. I spás geilleagrach agus faisnéise domhanda, déanann níos mó teangacha, cainteoirí agus ábhar idirghníomhaíocht níos tapúla le cineálacha nua meán. Níl san éileamh mór atá ar mheáin shóisialta faoi láthair (Wikipedia, Facebook, Twitter, YouTube agus le déanaí, Google+) ach tús an scéil.

Tá geilleagar domhanda agus spás faisnéise ag cur níos mó teangacha, cainteoirí agus ábhar os ár gcomhair.

Inniu, tig linn téacs gigibhearta a sheoladh ar fud an domhain i soicindí sula mbíonn a fhios againn go bhfuil sé i dteanga nach dtuigimid. De réir tuarascáil nua ó Choimisiúin na hEorpa, ceannaíonn 57% d 'úsáideoirí an Idirlín san Eorpaip earraí agus seirbhísí i dteangacha nach iad a dteanga dhúchais iad. (Is é an Béarla an teanga iasachta is coitianta, agus ansin an Fhraincis, an Ghearmáinis agus an Spáinnis.) Léann 55% d'úsáideoirí ábhar i dteanga iasachta cé nach n-úsáideann ach 35% teanga eile chun teachtaireachtaí a scríobh nó nótaí tráchtaireachta a fhágáil ar an ngréasán [4]. Roinnt blianta ó shin, ba é an Béarla francbhéarla an ghréasáin – bhí formhór an ábhair ar an ngréasán i mBéarla – ach tá athrú ollmhór tagtha ar chúrsaí anois. Tá méadú as cuimse tagtha ar ábhar ar líne i dteangacha eile na hEorpa (mar aon le teangacha Áiseacha agus ón Meánoirthear).

Níl mórán aird phoiblí faighte ag an deighilt dhigiteach uileláithreach seo; cé go n-ardaíonn sé ceist an-tábhachtach: Cé na teangacha Eorpacha a bheidh faoi bhláth sa tsochaí faisnéise agus eolais ghréasánaithe, agus cé acu a imeoidh i léig?

2.2 ÁR DTEANGACHA I MBAOL

Cé gur chuidigh an clóphreas le malartú faisnéise san Eoraip a fheabhsú, chuaigh roinnt teangacha Eorpacha in éag mar gheall air chomh maith. B'annamh a cuireadh teangacha réigiúnacha ná mionlacha i gcló agus bhí teangacha amhail Coirnis agus Dalmáitis teoranta do chineálacha aistrithe béil, a chur teorainn lena scóp úsáidte. An mbeidh an tionchar céanna ag an Idirlíon ar ár dteangacha?

Tá timpeall 80 teanga na hEorpa ar cheann dá sócmhainní cultúrtha is saibhre agus is tábhachtaí agus mar chuid lárnach dá mhúnla sóisialta [5]. Cé gur dóchúil go mairfidh teangacha amhail an Béarla agus an Spáinnis san áit mhargaidh dhigitigh nua, d'fhéadfadh teangacha Eorpacha bheith míábhartha i sochaí ghréasánaithe. Lagódh sé seo seasamh domhanda na hEorpa, agus théadh sé in aghaidh na sprice straitéisí de rannpháirtíocht chothrom a chinntiú do gach saoránach Eorpach beag beann ar theanga.

Tá an réimse leathan teangacha san Eoraip ar cheann dá sócmhainní cultúrtha is saibhre agus is tábhachtaí.

De réir thuarascáil UNESCO ar ilteangachas, is meán ríthábhachtach iad teangacha chun bunchearta a fháil, cosúil le léiriú polaitiúil, oideachas agus rannpháirtíocht i sochaí [6].

2.3 IS TEICNEOLAÍOCHT CHUMASAITHE ATÁ I DTEICNEOLAÍOCHT TEANGA

San am a caitheadh, dhírigh iarrachtaí infheistíochta i gcaomhnú teanga ar oideachas agus aistriú teanga. De réir meastachán amháin, b'ionann an margadh Eorpach d'aistriúchán, teangaireacht, bogearraí logánaithe agus domhandú suíomhanna gréasáin agus €8.4 billiún in 2008 agus táthar ag súil go bhfásfaidh sé 10% sa bhliain [7]. Ach ní chlúdaíonn an figiúr seo ach cuid bheag de riachtanais reatha agus amach anseo na cumarsáide idir teangacha. Is é an réiteach is fearr atá ar fáil chun leithead agus doimhneacht úsáid teanga a chinntiú san Eoraip sa todhchaí an teicneolaíocht chuí a úsáid, díreach mar a úsáidimid teicneolaíocht chun ár riachtanais iompair, fuinnimh agus míchumais i measc nithe eile a réiteach.

Cuidíonn teicneolaíocht teanga dhigiteach (ag díriú ar gach cineál téacs scríofa agus dioscúrsa labhartha) le daoine comhoibriú, gnó a dhéanamh, faisnéis a roinnt agus bheith rannpháirteach i ndíospóireacht shóisialta agus pholaitiúil in ainneoin baic theanga agus scileanna ríomhaireachta. Feidhmíonn sé go minic laistigh de chórais bhogearraí choimpléascacha le cuidiú linn:

- faisnéis a fháil le hinneall cuairdaigh Idirlín;
- litriú agus gramadach a sheiceáil i bpróiseálaí focal;
- féachaint ar mholtaí táirge i siopa ar líne;
- treoracha ó bhéal a chloisteáil ó chóras treoshuímh chairr;
- leathanaigh ghréasáin a aistriú trí sheirbhís ar líne.

Tá roinnt príomh-fheidhmchlár i dteicneolaíocht teanga a chumasaíonn próisis laistigh de chreat feidhmchláir níos mó. Is í aidhm pháipéar bán theanga META-NET díriú ar chomh réidh is atá na croítheicneolaíochtaí seo do gach teanga Eorpach.

Teastaíonn teicneolaíocht teanga láidir agus inacmhainne don Eoraip do gach teanga Eorpach.

Chun ár staid a chothabháil ar thúslíne na nuálaíochta domhanda, beidh teicneolaíocht teanga de dhíth ar an Eoraip a bheidh in oiriúint do gach teanga Eorpach atá laidir, inacmhainne agus comhtháite go daingean i dtimpeallachtaí bogearraí tábhachtacha. Gan teicneolaíocht teanga, ní bheimid in ann taithí úsáideora idirghníomhach, ilmheáin agus ilteanga atá an-éifeachtach a bhaint amach sna blianta atá romhainn.

2.4 DEISEANNA DO THEICNEOLAÍOCHT TEANGA

I ndomhan na priontála, ba é an t-iontas teicneolaíochta an dúbailt ghasta d'íomhá théacs (leathanach) agus clóphreas oiriúnach á úsáid. B'éigean do dhaoine an obair chrua a dhéanamh, cuardach, léamh, aistriú agus achoimre a thabhairt ar fhaisnéis. B'éigean dúinn fanacht go dtí gur thaifead Edison an teanga labhartha -- agus arís go dtí go ndearna a theicneolaíocht cóipeanna analóige.

Tig le teicneolaíocht teanga dhigiteach anois uathoibriú a dhéanamh ar na próisis aistrithe, táirgthe ábhar, agus bainistithe faisnéise do gach teanga Eorpach. Tig leis chomh maith cumhacht a thabhairt do chomhéadain teanga/urlabhra do leictreonaigh, innill, feithiclí, ríomhairí agus róbait tí. Tá feidhmchláir fhíora thráchtála agus thionscail fós sna céimeanna luatha forbartha, ach tá deis iontach á cruthú ag gnóthachtálacha taighde agus forbartha. Mar shampla, tá aistriúchán uathoibríoch réasúnta cruinn i bhfearainn ar leith, agus cuireann feidhmchláir thrialacha faisnéis ilteangach agus bainistiú faisnéise ar fáil mar aon le táirgeadh ábhair in go leor teangacha Eorpacha.

Mar aon le formhór teicneolaíochtaí, forbraíodh na chéad feidhmchláir theanga cosúil le comhéadain ghlórbhunaithe agus córais dialóige d'fhearainn ardspeisialaithe, agus go minic ní bhíonn ach feidhmíocht theoranta acu. Ach tá deiseanna margaidh iontacha sna tionscail oideachais agus siamsaíochta chun teicneolaíochtaí teanga a chomhtháthú i gcluichí, suíomhanna oidhreachta cultúrtha, pacáistí oideachas-siamsaíochta, leabharlanna, timpeallachtaí ionsamhlaithe agus cláir oiliúna. I measc na bhfeidhmchlár ina bhfuil ról tábhachtach ag teicneolaíocht teanga tá seirbhísí faisnéise soghluaiste, bogearraí um fhoghlaim teanga ríomhchuidithe, timpeallachtaí ríomhfhoghlama, uirlisí féinmheasúnaithe agus bogearraí um brath bradaíola. Tugtar le fios ón éileamh mór atá ar fheidhmchláir mheáin sóisialta cosúil le Twitter agus Facebook go bhfuil tuilleadh gá le teicneolaíochtaí teanga sofaisticiúla ar féidir leo monatóireacht a dhéanamh ar phostálacha, achoimriú a dhéanamh ar phléití, treochtaí tuairime a mholadh, freagraí mothúchánacha a bhrath, sáruithe cóipchirt a bhrath nó mí-úsáid a aimsiú.

Tugann teicneolaíocht teanga deis iontach don Aontas Eorpach. Tig léi cabhrú le dul i ngleic le saincheist choimpléascach an ilteangachais san Eoraip – teangacha éagsúla bheith i láthair go nádúrtha i ngnólachtaí, eagraíochtaí agus scoileanna san Eoraip. Ach teastaíonn ó shaoránaigh cumarsáid a dhéanamh thar na teorainneacha teanga seo fud fad Mhargadh an Choimisiúin Eorpaigh, agus tig le teicneolaíocht teanga cuidiú leis an mbac seo a shárú trí thacú le húsáid shaor agus oscailte na dteangacha aonair. Ag breathnú níos faide chun tosaigh, cuirfidh teicneolaíocht teanga ilteangach tagarmharc ar fáil dár bpáirtithe domhanda nuair a thosóidh siad ag cumasú a bpobail ilteangacha féin. Is féidir breathnú ar theicneolaíocht teanga amhail teicneolaíocht 'chúnta' a chuidíonn leat 'míchumas' na héagsúlachta teanga a shárú agus pobail teanga bheith níos inrochtana dá chéile.

Cuidíonn teicneolaíocht teanga "míchumas" na héagsúlachta teangeolaíche a shárú.

Tugann teicneolaíocht teanga deis iontach don Aontas Eorpach. Tig léi cabhrú le dul i ngleic le saincheist choimpléascach an ilteangachais san Eoraip – teangacha éagsúla bheith i láthair go nádúrtha i ngnólachtaí, eagraíochtaí agus scoileanna san Eoraip. Ach teastaíonn ó shaoránaigh cumarsáid a dhéanamh thar na teorainneacha teanga seo fud fad Mhargadh an Choimisiúin Eorpaigh, agus tig le teicneolaíocht teanga cuidiú leis an mbac seo a shárú trí thacú le húsáid shaor agus oscailte na dteangacha aonair. Ag breathnú níos faide chun tosaigh, cuirfidh teicneolaíocht teanga ilteangach tagarmharc ar fáil dár bpáirtithe domhanda nuair a thosóidh siad ag cumasú a bpobail ilteangacha féin. Is féidir breathnú ar theicneolaíocht teanga amhail teicneolaíocht 'chúnta' a chuidíonn leat 'míchumas' na héagsúlachta teanga a shárú agus pobail teanga bheith níos inrochtana dá chéile.

Ar deireadh, réimse teanga gníomhach amháin is ea úsáid na teicneolaíochta teanga d'fheidhmíochtaí tarrthála i gceantair thubaiste, nuair a bhíonn beatha daoine i mbaol: Beidh sé de chumas ag róbait chliste amach anseo a bhfuil cumais teanga thrasteangacha acu beatha dhaoine a shábháil.

2.5 DÚSHLÁIN LE TEICNEOLAÍOCHT TEANGA

Cé go bhfuil dul chun cinn mór déanta ag teicneolaíocht teanga le blianta beaga anuas, tá luas reatha an dul chun cinn teicneolaíochta agus nuálaíochta táirge rómhall. Is iondúil go mbíonn teicneolaíochtaí coitianta cosúil le ceartóirí litrithe agus gramadaí i bpróiseálaithe focail aonteangacha, agus níl siad ar fáil ach do líon beag teangacha.

Tá dul chun cinn na teicneolaíochta rómhall faoi láthair.

Tá deacrachtaí ag baint le seirbhísí uathaistriúcháin ar líne nuair atá aistriúcháin an-bheachta agus iomlána ag teastáil, cé go bhfuil siad úsáideach chun meastachán réasúnta a chur ar fáil d'ábhar cáipéisí. De bharr castacht teanga dhaonna, is gnó fada, costasach atá i dteangacha a mhúnlú i mbogearraí agus iad a thástáil sa saol dáiríre agus teastaíonn tiomantais mhaoinithe mharthanacha dó seo. Caithfidh an Eoraip, dá bhrí sin, a ról ceannródaíoch i ndul i ngleic le dúshláin teicneolaíochta a bhaineann le pobal ilteangach a chothabháil trí bhealaí nua a chruthú chun borradh a chur faoi fhorbairt ar fud na léarscála. D'fhéadfaí a áireamh anseo dul chun cinn ríomhaireachtúil agus teicníochtaí cosúil le sluafhoinsiú.

2.6 ÉADÁIL TEANGA I NDAOINE AGUS INNILL

Chun an chaoi a láimhseálann ríomhairí teanga a léiriú agus míniú a thabhairt ar an gcúis go bhfuil sé deacair iad a ríomhchlárú chun í a úsáid, feicimid go tapa ar an gcaoi a bhfaigheann daoine a gcéad agus dara teangacha, agus ansin feicimid an chaoi a n-oibríonn córais teicneolaíochta teanga.

Foghlaimíonn daoine scileanna teanga ar dhá bhealach éagsúla. Foghlaimíonn leanaí teanga trí bheith ag éisteacht le hidirchaidreamh idir tuismitheoirí, siblíní agus baill teaghlaigh eile. Ó aois dhá bhliain nó mar sin, labhraíonn leanaí a gcéad fhocail agus frásaí gearra. Is féidir é seo a dhéanamh mar tá claonadh géiniteach ag daoine na rudaí a chloiseann siad a aithris agus ansin réasúnú a dhéanamh air.

Foghlaimíonn daoine scileanna teanga ar dhá bhealach éagsúla: ag foghlaim samplaí agus ag foghlaim rialacha teanga bunúsacha.

Teastaíonn iarracht níos mó chun dara teanga a fhoghlaim agus tú níos sine, go príomha mar gheall nach bhfuil an leanbh tumtha i bpobal de chainteoirí dúchais. Ar an scoil, is iondúil go bhfoghlaimítear teangacha iasachta trí struchtúr gramadaí, stór focal agus litriú a fhoghlaim trí dhruileanna a úsáid a dhéanann cur síos ar fhaisnéis teanga i dtéarmaí rialacha teibí, táblaí agus samplaí. Bíonn sé níos deacra teanga iasachta a fhoghlaim nuair a bhíonn tú níos sine.

'Foghlaimíonn' an dá phríomhchineál córas teicneolaíochta teanga cumais teanga ar bhealach cosúil leis sin. Faigheann cur chuige staitistiúil (nó 'sonraíthiománta') faisnéis teanga ó bhailiúcháin ollmhóra de théacsanna samplacha coincréite. Cé gur leor téacs aonair a úsáid i dteanga aonair d'oiliúint, e. g., seiceálaí litrithe, caithfidh téacsanna comhthreomhara in dhá theanga (nó níos mó) bheith ar fáil chun córas uathaistrithe a oiliúint. Ansin 'foghlaimíonn' an t-algartam foghlama meaisín na pátrúin a bhaineann le focail, frásaí gearra agus abairtí iomlána a aistriú.

D'fhéadfadh na milliún abairt bheith de dhíth don chur chuige staitistiúil seo agus ardaítear an fheidhmíocht de réir an lín téacsanna ar a ndéantar anailís. Is cúis amháin í seo go bhfuil fonn ar sholáthraithe innill chuardaigh a mhéid ábhar scríofa agus is féidir leo a bhailiú. Braitheann ceartú litrithe i bpróiseálaithe focal, agus seirbhísí cosúil le Cuardach Google agus Google Translate ar chur chuige staitistiúil. Is é an buntáiste is mó a bhaineann le staitisticí gur féidir leis an inneall foghlaim go tapa i sraith leanúnach timthrialacha oiliúna, cé gur féidir leis an gcaighdeán bheith an-éagsúil.

D'fhéadfadh na milliún abairt bheith de dhíth don chur chuige staitistiúil seo agus ardaítear an fheidhmíocht de réir an lín téacsanna ar a ndéantar anailís. Is cúis amháin í seo go bhfuil fonn ar sholáthraithe innill chuardaigh a mhéid ábhar scríofa agus is féidir leo a bhailiú. Braitheann ceartú litrithe i bpróiseálaithe focal, agus seirbhísí cosúil le Cuardach Google agus Gogle Translate ar chur chuige staitistiúil. Is é an buntáiste is mó a bhaineann le staitisticí gur féidir leis an inneall foghlaim go tapa i sraith leanúnach timthrialacha oiliúna, cé gur féidir leis an gcaighdeán bheith an-éagsúil.

Mar gheall go mbíonn láidreachtaí agus laigí na gcóras staitistiúla agus riailbhunaithe comhlántach, díríonn taighde reatha ar chur chuige hibride a chuireann an dá mhodheolaíocht le chéile. Ach, níor éirigh chomh maith sin leis an gcur chuige sin go dtí seo i bhfeidhmchláir thionscail agus a d'éirigh leo sa tsaotharlann taighde.

Mar a chonaiceamar sa chaibidil seo, braitheann go leor feidhmchlár a úsáidtear go fairsing i sochaí faisnéise an lae inniu ar theicneolaíocht teanga. De bharr a phobal ilteangach, is fíor é seo i spás geilleagrach agus faisnéise na hEorpa. Cé go bhfuil dul chun cinn mór déanta ag teicneolaíocht teanga le blianta beaga anuas, tá cumas mór ann go fóill chun caighdeán na gcóras teicneolaíochta teanga a fheabhsú. Anseo a leanas, déanfar cur síos ar ról na Gaeilge i sochaí faisnéise na hEorpa agus déanfar measúnú ar staid reatha na teicneolaíochta teanga don Ghaeilge.

AN GHAEILGE I SOCHAÍ FAISNÉISE NA HEORPA

3.1 FÍRICÍ GINEARÁLTA

Is teanga cheilteach í an Ghaeilge, a bhfuil gaol gairid aici le Gaeilge na hAlban, agus gaol níos faide amach leis an mBreatnais agus an mBriotáinis. Bhí sí á labhairt go forleathan go dtí lár an 18ú haois, tháinig meath tapa uirthi tar éis an Ghorta in Éirinn. Is teanga í an Ghaeilge, a labhraíonn 1,656,790 duine ag leibhéal áirithe, i bPoblacht na hÉireann (daonáireamh 2006) agus 167,490 duine i dTuaisceart Éireann (daonáireamh 2001) le pobail bheaga Ghaeilge lonnaithe timpeall an domhain i measc Dhiaspóra agus dhaoine acadúla na hÉireann, go háirithe sna Stáit Aontaithe, i gCeanada agus san Astráil. Is fórsa dearfach atá sa phobal domhanda seo, atá á éascú ag an ré digiteach, a chuireann le cothabháil na Gaeilge.

Inniu, labhraítear an Ghaeilge mar chéad teanga i bpobail sna ceantair Ghaeltachta, atá suite den chuid is mó in Iarthar na hÉireann (Dún na nGall, Gaillimh, Ciarraí, Maigh Eo, Corcaigh). Úsáidtear an Ghaeilge chomh maith taobh amuigh de na réigiúin Ghaeltachta, agus tá gréasán de chainteoirí Gaeilge le fáil, go háirithe i gceantair uirbeacha. Is croí-ábhar atá ann sa churaclam scoile agus leibhéil bhunscoile agus mheánscoile, agus dá bhrí sin, nochtar an teanga don phobal i gcoitinne go minic, fiú na daoine sin nach labhraíonn go rialta í. Ba cheart go n-oibreodh an cohórt de gach rud teicneolaíoch a bhaineann le ról lárnach an chórais oideachais chun an teanga a tharchur do gach glúin nua [8] agus na riachtanais oideolaíocha lena mbaineann – agus fonn nádúrtha – chun timpeallacht thacúil a chur ar fáil do theicneolaíocht teanga don Ghaeilge.

Is é an pointe is suntasaí a thagann ó na sonraí teanga sna Daonáirimh agus sna suirbhéanna, go bhfuil bearna mhór idir na leibhéil chumais agus úsáide don phobal i gcoitinne, agus na leibhéil úsáide i bhfad níos ísle. Tá cumas fulangach (tuiscint) níos forleithne go nádúrtha ná cumas gníomhach (labhairt). Chun tuiscint níos soiléire a fháil ar leibhéil úsáide, cuireadh san áireamh sna ceisteanna daonáirimh sa Phoblacht le déanaí ceisteanna ar leith maidir le húsáid na teanga taobh amuigh den chóras oideachais. Aithnítear i bPlean Straitéiseach 20 Bliain don Ghaeilge de chuid an Rialtais 2010 – 2030 an dúshlán a bhaineann le leibhéil mhaithe chumais (fulangach uaireanta) a aistriú chuig leibhéil níos airde d'úsáid ghníomhach na teanga.

Tá an Ghaeilge i mbaol le fada an lá. Mhair sí chomh fada seo de bharr an ardleibhéal tacaíochta chun í a chothabháil, an t-aitheantas a fhaigheann sí ón Stát agus thar aon rud eile, de bharr go bhfuil sí sa churaclam oideachais.

Is fórsa atá sa phobal domhanda de Ghaeilgeoirí seo a chuireann le cothabháil na Gaeilge.

Tá an Ghaeilge uathúil in Éirinn. Bhí Éire ar cheann de na cultúir litríochta is túisce san Eoraip (tar éis na Sean-Ghréige agus an Laidin); tá litríocht fhairsing i bhfoirm próis agus filíochta le fáil i nGaeilge, tá sí mar chuid lárnach d'oidhreacht náisiúnta agus chultúrtha na hÉireann agus tá ról siombalach aici i saol an stáit. Tá stádas bunreachtúil ag an nGaeilge mar chéad teanga oifigiúil stát na hÉireann agus tá an Béarla ina dhara teanga oifigiúil [9, 10]. Tá sé aitheanta chomh maith mar theanga mhionlaigh i dTuaisceart Éireann agus mar theanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh.

Tá trí phríomhchanúint sa Ghaeilge le fochanúintí áitiúla eile mar aon le roinnt leaganacha uirbeacha agus an caighdeán scríofa oifigiúil. Leanann na mórdhifríochtaí idir na canúintí críochadóireacht na dtrí chúige, Mumhain, Connacht agus Ulaidh. Tá na canúintí seo difriúil ag gach leibhéal, i dtéarmaí réadú an chórais fuaime, an chórais prosóide (béim, tuin chainte), stór focal agus roinnt gnéithe struchtúrtha.

Tá An Caighdeán Oifigiúil, a forbraíodh sna 1950idí agus 60idí ann mar chaighdeán scríofa don teanga. Múintear é i bhformhór scoileanna agus líonann sé bearna (i bhfoirmeacha scríofa ar a laghad) a bheadh ann dá uireasa idir na canúintí. I gceantair uirbeacha nó tuaithe taobh amuigh den Ghaeltacht ina labhraítear Béarla, tá "canúintí uirbeach" mar a thugtar orthu i measc daoine nach cainteoirí dúchais iad a d'fhoghlaim an teanga oifigiúil ag an scoil, agus iad measctha le cainteoirí ón nGaeltacht. Mar a bheifí ag súil leis, tá difríocht mhór idir na canúintí uirbeacha seo, agus tig le cuid díobh a bheith an-chosúil le canúintí dúchais agus cuid eile cosúil le hibridí ina bhfuil mórghnéithe an Bhéarla.

3.2 SONRAÍOCHTAÍ NA GAEILGE

Tá gnéithe teangeolaíocha intreacha de chuid na Gaeilge atá an-difriúil ó theangacha eile an AE, agus bíonn tionchar ag cuid díobh seo ar fhorbairt na dteicneolaíochtaí don teanga atá bunaithe ar urlabhra agus téacs. Ina theannta sin, tá dúshláin ar leith a thagann chun cinn i gcomhthéacs na Gaeilge mar mhionteanga in Éirinn, dúshláin a chaithfear a chur san áireamh i bhforbairt na teicneolaíochta. Mar an gcéanna, cuireann teicneolaíochtaí teanga deiseanna ar fáil do mhionteangacha agus tig leo a bheith ina chúnamh mór maidir le dul i ngleic le roinnt deacrachtaí atá ina n-aghaidh agus iad a fhuascailt.

3.2.1 Gnéithe Teangeolaíocha na Gaeilge

Is teanga VSO (Briathar, Ainmní, Cuspóir) atá sa Ghaeilge, neamhchosúil le teangacha Eorpacha eile. Is iondúil go leanann aidiachtaí agus mionathraitheoirí eile an t-ainmfhocal nó frásaí ainmfhocail lena bhfuil siad ceangailte.

Tá dúshláin ag baint le saintréithe teangeolaíochta na Gaeilge do phróiseáil ríomhaireachta.

Níl aon fhocail i nGaeilge chun "yes" nó "no" a rá. Ina áit sin, mar atá sa Laidin, caithfear an briathar a athrá leis nó gan an rangabháil chun freagra dearfach/diúltach a thabhairt. Tá dhá leagan den bhriathar "to be" chomh maith. Mar aon le teangacha eile is iad seo an t-eiseach agus an chopail. Nascann foirm chopaile an bhriathair "to be" (ar a dtugtar an briathar lochtach nó an rangabháil uaireanta) ainmní na habairte le hainmfhocal, forainm, aidiacht nó frása deisbhéalach.

Is teanga infhillteach atá sa Ghaeilge, is é sin, athraíonn foirmeacha na bhfocal ar chúiseanna séimeantacha agus gramadaí. Déantar infhilleadh ar bhriathra na Gaeilge mar gheall ar aimsir, uimhir agus pearsa, agus déantar infhilleadh ar ainmfhocail mar gheall ar uimhir agus tuiseal. Tá inscne firinscneach nó baininscneach ag ainmfhocail.

Tá córas bhriathra na Gaeilge rialta seachas aon cheann déag de na briathra is coitianta a chomhchuingíonn go han-mhírialta le go leor foirmeacha agus aimsirí nach bhfuil cosúil ar chor ar bith leis an bhfréamh i bhfoirm scríofa ná chainte. Tá an córas ainmneach níos coimpléascaí agus níos neamhrialta go ginearálta. Mar shampla, tá roinnt bealaí chun an fhoirm iolra a chruthú, agus baineann roinnt díobh le canúintí ar leith. Tig le Gaeilge mhorfó-chomhréireach bheith dúshlánach don fhoghlaimeoir daonna agus d'uathphróiseáil, go háirithe i réimse na gcomhaontuithe tuisil, uimhreach agus inscne.

Gné eile, (a bhfuil impleachtaí aige go háirithe ar theicneolaíochtaí urlabhra cosúil le haitheantas labhartha) is ea an córas athruithe tosaigh. Baineann siad seo le gach teanga Cheilteach, agus athraíonn siad tús an fhocail, rud atá neamhghnách, chun riachtanais mhoirfeolaíocha agus chomhréireacha agus fiú fhuaimnithe a shásamh. Tugtar urú agus séimhiú ar na hathruithe tosaigh seo, agus go minic is iad seo an t-aon bhealach ar féidir foirmeacha cosúla gramadaí a aithint óna chéile. Mar shampla

- a mbád [/ə mˠaː dˠ/] their boat (urú)
- a bhád [/ə wˠaː dːɣ/] his boat (séimhiú)
- a bád [/ə bˠaː dˠ/] her boat (níl aon athrú)

Seans gurb í an difríocht is suntasaí atá idir an Ghaeilge agus teangacha eile an AE ná an córas fuaime. Tá an córas consanta ag brath ar an idirdhealú idir dhá cháilíocht, caol agus leathan. Go bunúsach, is é atá i ceist anseo, go bhfuil an córas consanta (ar a laghad) dhá uair chomh mór leis an gcóras céanna in aon teanga AE eile. Tig le hiarmhairtí éirí as seo, go háirithe maidir le forbairt na teicneolaíochta cainte, mar nach "n-oibríonn" cur chuige do chórais fuaime atá níos simplí rómhaith don Ghaeilge. Mar shampla, teastóidh corpas i bhfad níos mó chun gach fuaim a léiriú i ngach iomalartú féideartha le fuaimeanna eile (feic an chuid a bhaineann le próiseáil urlabhra i gCaibidil 4). Tá an t-idirdhealú idir péirí consan (e. g., /dˠ/ agus /dʲ/) lárnach sa teanga, ní hamháin chun difreáil a dhéanamh idir brí shéimeantach, ach chun gnéithe gramadaí a mharcáil chomh maith. Mar shampla, tig leis an athrú i gcaighdeán chonsain dheiridh in ainmfhocail an difríochta idir uatha/iolra, nó an difríocht idir tuiseal ainmneach/ginideach a chur in iúl.

- bád [/bˠaː dˠ/] boat (tuiseal ainmneach)
- báid [/bˠaː dʲ/] boat (tuiseal ginideach)

- bó [/bˠoː /] cow
- beo [/bʲoː /] alive

Sna trí fhoirm dheireanacha, sa tuiseal ginideach, bheadh foirmeacha ina n-athródh an consan deiridh ó gˠ] leathan go fuaim [dʲ] chaol. Mar gheall go dtagann athruithe móra ar an bhfocal, idir athruithe tosaigh agus infhillteacha, is dóchúil gur rud atá anseo a mbeadh tionchar aige ar fhorbairt na dteicneolaíochtaí, e. g. gairis aitheantais urlabhra.

Deacracht eile is ea an córas scríbhneoireachta. Mar is amhlaidh le córais a cuireadh le chéile tréimhse fada ó shin, tá sé ársa, agus tá go leor 'rialacha' coimpléascacha ag baint le seichimh a mhapáil ó litreacha go fuaimeanna. Agus tig leis na rialacha seo a bheith difriúil ó chanúint go canúint. Mar shampla:

jʲoː i 'gheobhaidh' (aimsir fháistineach)
Gaeilge Uladh

gʲoː gʲ 'gheobhaidh' (aimsir fháistineach)
Gaeilge na Mumhan

Cé gur brionglóid atá anseo do theangeolaí stairiúil, tig leis deacrachtaí a chruthú d'fhoghlaimeoirí na teanga, agus dóibh siúd atá ag iarraidh acmhainní urlabhra a fhorbairt chun ortagrafaíocht a athrú ó/chuig fuaim (feic Caibidil 4). Tá roinnt buntáistí ag baint leis: mar gur tháinig foirmeacha scríofa roimh dhibhéirseachtaí sna canúintí, tá sé teibí go leor le húsáid mar chóras coitianta, agus tá faisnéis ghramadaí sna foirmeacha scríofa trédhearcach go leor don léitheoir.

3.2.2 Deiseanna a ghabhann le TT don Ghaeilge

Bíonn dúshláin ar leith ag baint le forbairt TT is cuma cén teanga atá faoi chaibidil ach tá an fhéidearthacht ann go mbeadh ról an-tábhachtach ag an teicneolaíocht seo do mhionteangacha, toisc gur féidir léi tacú leis an teanga ar bhealaí nach bhfuil ábhartha do na teangacha tromlaigh.

Pobail a thabhairt le chéile: Tá úsáid na teicneolaíochta urlabhra agus teanga an-chumhachtach mar bhealach chun pobal labhartha na Gaeilge a thabhairt le chéile, trí cheantair thraidisiúnta Gaeltachta agus an pobal in Éirinn is i gcéin a nascadh le chéile.

Tá oideachas mar chuid lárnach de scaipeadh teangacha. Is féidir le teicneolaíocht TT tionchar mór a bheith aici ar mhúineadh/ar fhoghlaim teangacha. D'fhéadfadh sé go mbeadh feidhmchláir, a bheadh fánach nó neamhábhartha d'fhoghlaimeoirí Béarla, an-úsáideach d'fhoghlaimeoirí atá ag foghlaim Gaeilge, nach mbíonn teacht acu ar mhúnlaí teangeolaíochta an chainteora dúchais don chuid is mó. Tá cumhacht ar leith ag baint le teicneolaíocht urlabhra sa mhéid is gur féidir léi cur go mór leis an méid teagmhála a bheadh ag duine leis an teanga labhartha. Is mar gheall air seo gur dhírigh múineadh na Gaeilge san am atá thart ar fhoirmeacha scríofa, ar an ngramadach agus ar léamh na litríochta, agus gur rinneadh neamhaird ar fhorbairt scileanna labhartha.

Léiríonn córas litriú-go-hurlabhra don Ghaeilge, atá ar fáil ar an idirlíon (ag http://www.abair.ie, cur síos ar fáil i gCaibidil 4) an slí gur féidir le teicneolaíocht bhunúsach, fiú amháin, dea-thionchar a bheith aici. Tá an córas in úsáid ag múinteoirí/daltaí, ag tuismitheoirí agus iad ag cabhrú le hobair bhaile chomh maith le foghlaimeoirí thar sáile. Tá an Ghaeilge dúchasach á tabhairt isteach sna bailte/sna seomraí ranga. Tá sé seo an-chabhrach toisc go mbíonn deacrachtaí móra ag foghlaimeoirí go minic agus iad ag dul i ngleic leis an gcóras litrithe casta agus leis an gcóras fuaimnithe atá an-difriúil ón mBéarla. Léiríonn aiseolas ó dhaoine ar fud na cruinne cé chomh húsáideadh is atá an córas litriú-go-hurlabhra sna comhthéacsanna seo.

Feidhmchláir TT Oideachasúla: d'fhéadfadh ról i bhfad níos tábhachtaí a bheith ag na feidhmchláir seo i gcás mionteangacha, feidhmchláir cosúil le cluichí teanga idirghníomhacha le haschur cainte, agus acmhainní curtha in oiriúint go speisialta do theagasc na litearthachta agus an fhuaimnithe, ná mar a bheadh sa Bhéarla/i mórtheangacha an domhain, áit atá an-chuid ábhar agus acmhainní ar fáil. Tá tús curtha le forbairt ar an saghas seo áise don Ghaeilge agus tá an-aird á tabhairt uirthi (níos mó faoi seo i gCaibidil 4).

Cuimsitheacht: D'fhéadfadh sé go mbeadh TT riachtanach do dhaoine le míchumais radhairc nó urlabhra le go nglacfaidis páirt i saol na teanga. Tá gá le sintéis téacs-go-hurlabhra, mar shampla, ionas gur féidir le daoine áirithe le mallachair urlabhra cumarsáid a dhéanamh. Tá gá leis an tsintéis le léitheoirí scáileáin chomh maith ionas gur féidir leo siúd a bhfuil míchumas radhairc orthu teacht ar ábhar leictreonach. Coinníodh daoine leis na míchumais sin amach ó shaol na Gaeilge ar go leor bealaí toisc nach raibh gléasanna cumarsáide don Ghaeilge ar fáil agus toisc nach raibh sintéis téacs-go-hurlabhra ar fáil (go dtí le déanaí). Moladh do dhaltaí scoile le míchumais gan leanúint de bheith ag staidéar Gaeilge ar scoil toisc nach raibh na hacmhainní a bhí ag teastáil ar fáil dóibh.

Caomhnú na Teanga: Tá TT ríthábhachtach ionas gur féidir le pobal na teanga páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sóisialta, fóillíochta agus oibre ina dteanga féin. Tá sé seo tábhachtach ní hamháin ó thaobh úsáid na teanga de, ach do stádas na teanga chomh maith, go háirithe i súile na glúine óg a bhfuil taithí acu le hachmhainní digiteacha. D'fhéadfadh torthaí chaomhnú na teanga brath ar mheon an phobail i leith na teanga níos mó ná ar aon ghné eile.

Is fiú cuimhneamh i gcónaí go bhfuil ról caomhnaithe ag guth sintéiseach fiú do chanúintí atá go mór i mbaol. Sa chás go n-éagann an cainteoir dúchais deireanach, mairfidh leagan sintéiseach réasúnta nádúrtha de ghuth an chainteora. Seo áis gur féidir le daoine atá ag iarraidh athbheochan a dhéanamh ar chanúint áitiúil atá i ndainséar.

Toisc go bhfuil roinnt mhaith de na dúshláin atá ann don Ghaeilge mar an gcéanna do na mionteangacha uilig, ba cheart go n-úsáidfí an taithí agus na straitéisí a d'úsáid pobal na Gaeilge leis na fadhbanna a shárú mar mhúnla do mhionteangacha nó do theangacha gann in acmhainní eile. Is ceist chonspóideach í go díreach cad is brí le mionteanga. Tá cuid de na ceisteanna a thagann chun cinn anseo ábhartha do theangacha eile a labhraítear go forleathan san AE, ach atá fós gann ar acmhainní. Faoi mar a léiríonn an titim tapa a tháinig ag deireadh an 18ú aois ar líon na ndaoine a labhair Gaeilge, is féidir le hiompú teanga tarlú go han-tobann. Má tá aon mheas againn ar an éagsúlacht teanga atá againn san Eoraip, ní féidir linn neamhaird a dhéanamh den ról dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíocht teanga maidir le caomhnú teanga. Ar an gcuí céanna, ní féidir neamhaird a dhéanamh den tionchar diúltach a bheadh ar thromlach na teangacha mura mbeadh an teicneolaíocht ar fáil ach i gcúpla ceann de mhórtheangacha na hEorpa.

3.3 FORBAIRTÍ ÚRNUA

Ó bunaíodh an Stát, is í an Ghaeilge céad teanga oifigiúil Phoblacht na hÉireann agus is é an Béarla an dara teanga [8]. Le gairid, mar chuid den phróiseas síochána i dTuaisceart Éireann, fuair an Ghaeilge aitheantas oifigiúil ansin chomh maith. Sa Phoblacht, caithfidh gach cáipéis oifigiúil de chuid an rialtais (i bprionsabal) bheith ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla, nó i nGaeilge amháin. Theastaigh leibhéal áirithe oilteachta sa teanga chun post a fháil sa státseirbhís, leis na póilíní agus do phoist stáit eile. Laghdaíodh an riachtanas seo le déanaí chun bheith níos iniataí. Tá an riachtanas fós ann dóibh siúd ar mian leo múineadh i mbunscoileanna, áit a bhfuil an teanga mar chuid lárnach den chroíchuraclam.

I roinnt ciorcal, cáintear an teanga amhail bheith as dáta agus neamhoiriúnach le húsáid sa saol nua-aimseartha. Is dócha go bhfuil an dearcadh seo ann toisc go bhfuil an chuma air nach bhfuil an teanga suas chun dáta leis an saol nua-aoiseach agus an ré digiteach atá anois ann. Cuireann sé seo béim ar an tábhacht a bhaineann le cuimsiú na Gaeilge agus mionteangacha eile sa ré digiteach. Le blianta beaga anuas, tá an-bhuntáiste ag an nGaeilge de bharr na meáin chumarsáide (bealach teilifíse agus stáisiúin chraolacháin raidió) atá ag craoladh cláracha ó mhaidin go hoíche trí mheán na Gaeilge, ní hamháin ar stáisiúin Éireannacha ach ar an BBC chomh maith, mar shampla. Tá pobal na Gaeilge ag tabhairt freagra tapa ar an éileamh ar théarmeolaíocht nua chun nósanna maireachtála san Éire nua-aimseartha a léiriú. Bunaíodh bord téarmaíochta oifigiúil (an Coiste Téarmaíochta) bunaithe chun téarmaí cuí a aimsiú nó a chruthú sa teanga de réir mar a theastaíonn siad.

> Tá go leor dúshláin ann d'fhorbairt TT don Ghaeilge ach cuireann sé deiseanna ríthábhachtacha ar fáil do thodhchaí na teanga.

Cosúil le haon teanga eile, athraíonn an stór focal a úsáidtear sa Ghaeilge chun freastal ar riachtanais phobail labhartha na teanga agus, dar ndóigh, tá éifeacht mhór ag iasachtaí ón mBéarla ar an teanga. Tá na torthaí ar obair an Choiste Téarmaíochta foilsithe ar an suíomh Gréasáin http://www.focal.ie.

3.4 SAOTHRÚ TEANGA IN ÉIRINN

Thug Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 an ceart do dhaoine idirghníomhú le gach comhlacht stáit trí Ghaeilge. Rialaíonn reachtaíocht eile cúrsaí pleanála sna ceantair Ghaeltachta chun éifeachtaí na himirce ar úsáid na teanga a laghdú.

> Cosnaíonn Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 cearta saoránach an Ghaeilge a úsáid.

Tá láithreacht shuntasach ag an nGaeilge sna meáin agus codanna agus ailt i roinnt nuachtán náisiúnta, agus in go leor nuachtán réigiúnacha agus áitiúla trí Ghaeilge agus go leor topaicí a bhaineann leis an teanga agus a cainteoirí. Sna meáin chraolacháin, tá seirbhís mhaith ag an teanga le stáisiún raidió náisiúnta ó thosaigh sé ag craoladh i 1972, stáisiún raidió bunaithe i mBaile Átha Cliath ó 1993, stáisiún raidió bunaithe i mBéal Feirste ó 2006 agus stáisiún teilifíse ó 1996. Tá lucht féachana/éisteachta láidir ag stáisiúin theilifíse agus raidió na Gaeilge, sa Ghaeltacht agus ar fud na tíre. Mar sin féin, is cainéil Bhéarla a bhíonn ar fhormhór na n-aerthonn.

3.5 TEANGA SAN OIDEACHAS

Múintear an teanga i scoileanna ag leibhéal bunscoile agus meánscoile mar ábhar éigeantach. I dTuaisceart Éireann, múintear an Ghaeilge mar ábhar roghnach. Tá go leor scoileanna a mhúineann gach ábhar trí mheán na Gaeilge, ar a dtugtar “Gaelscoileanna”. Tá fás mór tagtha ar an líon Gaelscoileanna le blianta anuas, bunaíodh iad mar gheall ar an éileamh i bpobail áitiúla i gceantair thuaithe agus uirbeacha ar mian leo go mbeadh oideachas ag a leanaí as Gaeilge agus go mbeadh siad cumasach sa dá theanga. Cuireann sé seo leis an meon an-dearfach atá ag an daonra a labhraíonn Béarla i leith na Gaeilge, ach léiríonn sé chomh maith go gceapann go leor daoine go bhfuil caighdeán an oideachais Ghaeilge sna scoileanna príomhshrutha Béarla ag titim. De bharr go bhfuil an teanga i láthair in oideachas, bíonn sí ceangailte, go pointe áirithe, i ngnéithe áirithe de chultúr na hóige.

Bhí roinnt díospóireachta poiblí i réimsí polaitiúla, acadúla agus eile faoi theipeadh formhór daltaí i scoileanna príomhshrutha Béarla, cumas oibre a bhaint amach sa teanga, fiú tar éis ceithre bliana déag in oideachas. Tá cáineadh poiblí forleathan ar an gcuraclam agus an gcur chuige i leith na Gaeilge sa chóras oideachais, agus meastar go coitianta go bhfuil gá le cur chuige nua. Tá éilimh ag ardú i gcónaí go dtabharfaí teagasc na Gaeilge isteach sa ré nua, agus go háirithe an t-éileamh ar úsáid na teicneolaíochta digití.

3.6 GNÉITHE IDIRNÁISIÚNTA

Go stairiúil, tar éis teip thubaisteach na bprátaí i lár an 18ú haois, a chuir tús le gorta a mharaigh an ceathrú cuid den daonra, ba ghné de shaol na hÉireann a bhí in eisimirce ar mhórscála, an t-aon bhealach a bhí acu chun imeacht ón mbochtaineacht. Bhí tionchar an-mhór ar imeallbhord farraige an Iarthair go háirithe, i. e. na háiteanna is mó ina labhraíodh an Ghaeilge in Éirinn. Measadh gur theastaigh Béarla ó dhaoine óga chun iad féin a réiteach le haghaidh eisimirce agus bhí an-tionchar aige sin ar mheath tapa na Gaeilge. Bunaíodh pobail láidre Éireannacha timpeall na cruinne, agus thug diaspóra na hÉireann leo an Ghaeilge. Mar chuid d’aitheantas cultúrtha agus pobail, mhair an teanga i go leor áiteanna ar feadh na nglúnta, ach don chuid is mó, d’imigh an Ghaeilge i léig faoi dheireadh mar phríomhtheanga nó teanga oibre i bhfabhar na teanga/dteangacha ceannasaí/ceannasacha áitiúla.

Mar sin féin, leantar ag múineadh na Gaeilge i scoileanna agus in ollscoileanna i dTuaisceart Mheiriceá, san Astráil agus sa Nua Shéalainn, cé gur mar thóraíocht acadúil amháin é nó mar go bhfuil suim phearsanta ar leith ann. Agus, de réir dhaonáireamh 2000, labhraíonn 25,661 duine sna Stáit Aontaithe an Ghaeilge sa bhaile. Ba sna Stáit Aontaithe chomh maith a bunaíodh an chéad nuachtán Gaeilge in 1881 a foilsíodh go dtí an 20ú hAois agus atá ar fáil ar líne anois(http://www.angaelmagazine.com). Is as áiteanna taobh amuigh d'Éirinn iad timpeall leath d'úsáideoirí laethúla reatha an chórais sintéis chainte téacs go caint gréasánbhunaithe (http://www.abair.ie, a ndéantar cur síos air i gCaibidil 4), agus is as Tuaisceart Mheiriceá nó ón mBreatain cuid mhór díobh.

3.7 AN GHAEILGE AR AN IDIRLÍON

Léiríonn figiúirí do Mheitheamh 2010 go n-úsáideann beagnach 70% de dhaoine Éireannacha an tIdirlíon ina dteach nó ina n-ionad oibre [11] agus léiríonn suirbhé ó mhí na Samhna 2010 go bhfuil guthán cliste ag os cionn leath de thomhaltóirí na hÉireann [12]. Ach, níl figiúirí cruinne ar fáil maidir leis an teanga a úsáideann muintir na hÉireann chun rochtain a fháil ar an Idirlíon. Fiú dá mbeadh na figiúirí sin ar fáil, tá ceist fós ann maidir le céard is brí le "rochtain a fháil ar an Idirlíon" i dteanga áirithe. An mbreathnaímid ar theanga an bhrabhsálaí/chórais feidhmíochta nó na suíomhanna a dtugann daoine cuairt orthu? Sa chás deireanach, bheadh meascán d'ábhar Gaeilge agus Béarla ar na leathanaigh, fiú na daoine atá tiomanta don mhéid Gaeilge agus is féidir leo a úsáid.

Cuireann an tIdirlíon raon leathan réimsí feidhme ar fáil do theicneolaíochtaí teanga. Le cuid chomh suntasach de phobal na hÉireann páirteach i ngníomhaíochtaí ar líne agus cultúr digiteach ag teacht chun tosaigh, léiríonn sé seo deis iontach chun teicneolaíochtaí a úsáid chun iomadú na Gaeilge ar líne agus i TFC a éascú.

Tá roinnt mhaith tacaíochta bogearraí ar fáil don Ghaeilge cheana féin. Tá logánú déanta ag Microsoft Windows, KDE, Google, OpenOffice, Opera agus Mozilla Firefox, mar shampla, ar chomhéadain don Ghaeilge. Mar aon le seiceálaí litrithe do MS Office agus Open Office, tá roinnt uirlisí astu féin, cosúil le WinGléacht, GaelSpell agus Ceart, chun earráidí litrithe agus gramadaí a sheiceáil agus a cheartú.

Tá comhéadan Gaeilge ar fáil d'inneall cuardaigh Google, ach déileálann úsáideoirí le torthaí Béarla den chuid is mó.

Forbraíodh comhéadan Gaeilge do Google le déanaí. Is cuardach gréasáin an feidhmchlár is coitianta a úsáidtear ar an Idirlíon agus tá sé uileláithreach thar gach cineál gairis agus ardáin. Anuas air sin, úsáideann cuardach gréasáin féin, nó tig leis réimse leathan teicneolaíochta teanga a úsáid, a bhfuil sofaisticiúlacht éagsúil ag baint leo chun torthaí agus caighdeán foriomlán a fheabhsú. Seachas an gradam a bhaineann le bheith bainteach le branda rathúil idirnáisiúnta, cuireann comhéadan Gaeilge Google taithí Idirlín ábhartha ar fáil do Ghaeilgeoirí, ach léiríonn sé chomh maith an riachtanas d'uirlisí cuardaigh agus próiseála teanga agus seirbhísí le déileáil le sonraí Gaeilge.

Sa chéad chaibidil eile, tugtar réamhrá ar an teicneolaíocht teanga agus na croíréimsí feidhme atá aici, mar aon le measúnacht a dhéanamh ar an tacaíocht teicneolaíochta teanga reatha atá ar fáil don Ghaeilge.

4

TACAÍOCHT TEICNEOLAÍOCHTA TEANGA DON GHAEILGE

Is córais bhogearraí atá i dteicneolaíochtaí teanga a dheartar chun teanga dhaonna a láimhseáil agus dá bhrí sin tugtar “teicneolaíocht teanga daonna” orthu go minic. Tagann teanga dhaonna i bhfoirmeacha labhartha agus scríofa. Cé gur sine labhairt agus i dtéarmaí éabhlóide daonna, is í labhairt an fhoirm is nadúrtha cumarsáide, is féidir faisnéis choimpléascach agus formhór an eolais dhaonna a stóráil agus a sheoladh i dtéacsanna scríofa.

Próiseálann nó táirgeann teicneolaíochta labhartha agus téacs na foirmeacha éagsúla teanga seo, agus úsáideann an dá cheann foclóirí agus rialacha gramadaí agus séimeantacha. Is é is ciall leis seo go nascann teicneolaíocht teanga (TT) teanga leis na foirmeacha éagsúla faisnéise, go neamhspleách ar an meán (labhairt nó téacs) ina gcuirtear in iúl é. Léiríonn an fíor ar dheis tírdhreach an TT.

Nuair a dhéanaimid cumarsáid, nascaimid teanga le modhanna eile cumarsáide agus meán faisnéise – mar shampla, tig le comharthaí agus gothaí gnúise bheith mar chuid de labhairt. Nascann téacs digiteach le pictiúir agus fuaimeanna. Tig le teanga i bhfoirm labhartha agus scríofa bheith i scannáin. I bhfocail eile, forluíonn teicneolaíochtaí labhartha agus téacs agus déanann siad idirghníomhú le teicneolaíochtaí eile a éascaíonn próiseáil cumarsáide ilmhódaí agus cáipéisí ilmheáin.

Sna codanna seo a leanas, pléifimid na príomhréimsí feidhme de theicneolaíocht teanga, i. e. seiceáil teanga, cuardach gréasáin, teicneolaíocht labhartha agus uathaistriú. Áirítear anseo feidhmchláir agus bunteicneolaíochtaí cosúil le

- ceartú litrithe
- tacaíocht údaraithe
- foghlaim teanga ríomhchuidithe
- aisghabháil faisnéise
- baint faisnéise
- achoimriú téacs
- freagairt ceiste
- aithint labhartha
- sintéis labhartha

Is réimse bhunaithe thaighde atá i dteicneolaíocht teanga agus sraith fhairsing litríochta ar fáil ina thaobh. Moltar don léitheoir a bhfuil suim aige ann na tagairtí seo a léamh: [13, 14, 15, 16, 17].
Sula bpléifimid na réimsí feidhme thuas, déanfaimid cur síos gairid ar ailtireacht an ghnáthchórais TT.

4.1 AILTIREACHTAÍ FEIDHMCHLÁIR

Is iondúil go mbíonn roinnt comhábhar i bhfeidhmchláir bogearraí do phróiseáil teanga a láimhseálann gnéithe éagsúla den teanga. Léiríonn an fíor 2 ailtireacht an-simplithe ar féidir a fháil i ngnáthchóras próiseála téacs (agus ní hionann córas



1: Teicneolaíocht Teanga i gComhthéacs

urlabhra agus córas téacs). Láimhseálann an chéad trí mhodúl struchtúr agus brí an ionchuir téacs:

1. Réamhphróiseáil: glantar na sonraí, déantar anailís ar fhormáidiú nó baintear é, braitear an teanga ionchuir, ionadaítear giorrúcháin "le'd thoil" in ionad "le do thoil", agus mar sin de.
2. Anailís ghramadaí: aimsítear an briathar, a chuspóirí, mionathraitheoirí agus codanna eile den chaint mar aon le struchtúr na habairte a bhrath.
3. Anailís shéimeantach: déantar imdhealú débhríochta (i. e., ríomhtar brí chuí focal i gcomhthéacs ar leith); réitítear iarthagra (i. e., cé na forainmneacha a thagraíonn do na hainmfhocail san abairt) agus ionadaítear teilgean cainte; agus léirítear brí na habairte ar bhealach ar féidir leis an inneall é a léamh.

Tar éis anailís a dhéanamh ar an téacs, tig le modúil tascshonracha feidhmeanna eile a dhéanamh, cosúil le huathachoimriú agus cuardaigh bhunachar sonraí. Is cur síos simplithe agus idéalaithe é seo ar an ailtireacht feidhme agus léiríonn sé castacht na bhfeidhmchlár TT.

Go ginearálta d'fhéadfaimis ailtireacht fheidhmchláir a rangú ina trí chuid; dóibh siúd atá bunaithe go mórmhór ar rialacha, dóibh siúd atá bunaithe go mórmhór ar staitisticí (dóchúlacht), agus dóibh siúd a chomhshnaidhmeann an dá mhodh. Gintear samhlacha teanga ó bhailiúcháin ollmhóra teanga (corpas) trí mhodhanna staitisticiúla a úsáid. Go minic, baintear úsáid as corpas ina bhfuil léiriú teangeolaíochta ann, nó corpas lom i dteannta le hacmhainní teangeolaíochta eile ar nós foclóirí nó líonraí séimeantaice. Braitheann caighdeán na samhla staitisticiúla ar chaighdeán na mbunsonraí a úsáidtear mar ionchur. Dá bhrí



2: Ailtireacht Tipiciúil ar Fheidhmchlár Próiseála Téacs



3: Seiceáil Teanga (ar bharr: riailbhunaithe; in íochtar: staitistiúil)

sin tá acmhainní teangeolaíochta d'ardchaighdeán riachtanach mar chuid de chóras TT, cé gur obair dlúthshaothair é iad a chruthú.

Go hiondúil bíonn acmhainní teanga-dhírithe ar nós foclóirí, stórchistí, eolas séimeantach, fóneolaíocht, moirfeolaíocht, agus rialacha gramadaí ag teastáil ó fheidhmchláir TT, chomh maith le corpais (idir téacs agus urlabhra) le léiriú teangeolaíochta ann. Go hidéalach ba cheart go mbeadh an ríomhchláir neamhspleách ar theanga ar leith agus go mbeadh sé in ann oibriú le teanga ar a bith a bhfuil na hacmhainní teanga ábharach ar fáil. Chun leas a bhaint as na feidhmchláir is nua-aimsire sna croíréimsí ar nós uathaistriú, foghlaim teanga ríomhchuidithe, comhéadan labhartha etc. tá sé fíorthábhachtach go mbeidh na hacmhainní teanga thuasluaite ar fáil. Chomh maith le corpais agus acmhainní teanga, is gá uirlisí teanga ar nós anailíseoir moirfeolaíochta, clibeálaí ranna cainte, parsálaí comhréire, sintéiseoir labhartha agus aithint cainte a bheith ar fáil. Braitheann forbairt na n-uirlisí thuasluaite ar an taighde teangeolaíochta is nua don teanga a bheith ar fáil, ionas go mbeadh na samhlacha riachtanacha teangeolaíochta ar fáil.

Tar éis na croíréimsí feidhmchláir a thabhairt isteach do theicneolaíocht teanga, tabharfaimid forbhreathnú gairid ar sheasamh na taighde TT agus an t-oideachas inniu, agus críochnóimid le forbhreathnú ar chláir taighde atá imithe agus atá ann faoi láthair. Ansin cuirfimid meastachán saineolach ar fáil do chroíuirlisí agus acmhainní TT i dtéarmaí na ndiminsean éagsúil cosúil le hinfhaighteacht, aibíocht agus caighdeán. Déantar achoimre ar staid ghinearálta an TT don Ghaeilge i dtábla 8.

4.2 CROÍRÉIMSÍ FEIDHME

Sa chuid seo, dírimid ar na huirlisí agus acmhainní TT is tábhachtaí, agus tugaimid forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí TT in Éirinn. Is féidir uirlisí agus acmhainní a bhfuil líne fúthu sa téacs a aimsiú chomh maith sa tábla ag deireadh na caibidle seo.

4.2.1 Seiceáil Teanga

Tá a fhios ag gach duine a d'úsáid próiseálaí focal cosúil le Microsoft Word go bhfuil seiceálaí litrithe ann a léiríonn botúin litrithe agus a mholann ceartaithe. Chuir na chéad chláir um cheartú litrithe liosta focal aisbhainte i gcomparáid le foclóir focal atá litrithe i gceart. Inniu, tá na cláir seo i bhfad níos sofaisticiúla. Ag baint úsáide as algartaim theangaspleácha d'anailís téacs, braitheann siad earráide a bhaineann le moirfeolaíocht (e. g. foirmiú iolra) mar aon le hearráidí a bhaineann le comhréir, cosúil le briathar in easnamh nó coimhlint le comhaontú briathair-ainmní (e. g. she *write a letter). Tá uirlisí seiceála litrithe ar fail don Ghaeilge i sraitheanna oifige cosúil le Microsoft Office agus Open-Office. Ní dhearnadh, áfach, nuashonrú ar sheiceálaí litrithe Microsoft le blianta fada. Níl ach seiceálaí litrithe amháin (GaelSpell http://borel.slu.edu/ispell/) a ndéantar nuashonrú seasta air, d'fhoinse oscailte agus ar fáil do Word/Ooo/Firefox, etc. Tá uirlisí moirfeolaíochta (d'fhoinse oscailte), clibeálaí ranna cainte, agus páirtpharsálaí an spleáchais (http://www.tcd.ie/slscs/itut/) ann agus an Líonra Séimeantach na Gaeilge d'fhoinse oscailte (http://borel.slu.edu/lsg/).Chomh maith leis sin tá scata feidhmchlár aonair, Foclóir Beag, WinGléacht, EasyReader agus Focal.ie le haghaidh cuardach foclóra agus gramadaí.

Ní hamháin go seiceálann na huirlisí seo litriú ach seiceálann siad go leor gnéithe de ghramadach na Gaeilge, ach ní féidir iad a chomhtháthú go héasca le táirgí atá ann cheana i gcónaí. Mar shampla, ní dhéanann ach seiceálaí teanga amháin don Ghaeilge [18] níos mó ná ceartú litrithe, agus ní féidir é a chomhtháthú go héasca faoi láthair le OpenOffice ná Microsoft Word (cé go bhfuil an obair seo ar siúl agus an cháipéis seo á scríobh).

Ach ní bhfaigheadh formhór na seiceálaithe litrithe aon earráidí sa téacs seo [19] a leanas:

> I have a spelling checker,
> It came with my PC.
> It plane lee marks four my revue
> Miss steaks aye can knot sea.

Caithfear anailís a dhéanamh ar an gcomhthéacs comhréire agus shéimeantaigh chun na cineálacha seo earráide a láimhseáil. Caithfidh an cineál seo anailíse tarraingt ar ghramadach theangashonrach atá códaithe go dian ag saineolaithe sna bogearraí nó ar mhúnla teanga staitistiúil. Sa dara chás seo, ríomhann múnla dóchúlacht focail áirithe de réir mar a thagann sé chun cinn in áit ar leith. Is féidir múnla teanga staitistiúil a chruthú go huathoibríoch trí líon mór sonraí teanga (cruinn) a úsáid (ar a dtugtar corpas téacs). Forbraíodh an dá chur chuige seo timpeall ar shonraí ón mBéarla. Faoi láthair, ní féidir le ceachtar cur chuige aistriú go héasca go Gaeilge mar níl mórán acmhainní teanga ar fáil cosúil le corpais téacs chun múnla staitistiúil a chur le chéile agus níl dóthain taighde déanta ar an ionchódú de láimh i ngramadach. Ach tá taighde ar siúil i láthair na huaire ar pharsáil na Gaeilge [20, 21].

Níl seiceáil teanga teoranta do phróiseálaithe focail; úsáidtear chomh maith í i "gcórais tacaíochta údaraithe", i. e. timpeallachtaí bogearraí ina scríobhtar lámhleabhair agus cáipéisíocht eile chuig caighdeáin speisialta do tháirgí coimpléascacha TF, cúraim shláinte, innealtóireachta agus eile. Tá imní ar chuideachtaí go ndéanfaidh custaiméirí gearáin faoi úsáid mhíchuí agus éilimh dhamáiste mar gheall ar threoracha nár thuig siad i gceart, tá siad ag díriú níos mó ar chaighdeán na cáipéisíochta teicniúla agus ag díriú ar an margadh idirnáisiúnta (trí aistriúchán nó logánú) ag an am céanna. De bharr dul chun cinn i bpróiseáil teanga nádúrtha, forbraíodh bogearraí tacaíochta údaraithe, a chuidíonn le scríbhneoir na cáipéisíochta teicniúla foclóir agus struchtúir abairte a úsáid atá comhsheasmhach le rialacha tionscail agus srianta téarmeolaíochta (corparáideach).

Níl úsáid na seiceála teanga teoranta do phróiseálaithe focail; baineann sé chomh maith le córais tacaíochta údaraithe.

Seachas seiceálaithe litrithe/gramadaí agus tacaíocht údaraithe, tá seiceáil teanga tábhachtach chomh maith i réimse na foghlama teanga ríomhchuidithe. D'fhéadfadh foghlaimeoirí na teanga an-tairbhe a bhaint as fheidhmchláir sa réimse seo. Ach, go dtí seo níl mórán d'fhorbairt déanta sa réimse foghlaim teanga ríomhchuidithe don Ghaeilge. Agus ceartaíonn feidhmchláir seiceála teanga ceisteanna innill chuardaigh go huathoibríoch chomh maith, mar a aimsítear i moltaí *Did you mean* ... de chuid Google.

4.2.2 Cuardach Gréasáin

Is é cuardach gréasáin, inlín nó leabharlainne digiteach an feidhmchláir teicneolaíochta teanga is mó a úsáidtear



4: Ailtireacht do Chuardach Gréasáin

ach is tearcfhorbartha ar domhan. Láimhseálann inneall cuardaigh Google, a thosaigh i 1998, timpeall 80% de gach cuardach agus os cionn 90% den uile chuardach ó úsáideoirí idirlín in Éirinn [22]. "Gúgláil/googláil" is ea an briathar oifigiúil i gcomhair "to google", a cheadaigh an Coiste Téarmaíochta le déanaí [23]. Níor athraíodh comhéadan cuardaigh agus leathanach torthaí Google go suntasach ón gcéad leagan. Ach sa leagan reatha, cuireann Google ceartú litrithe ar fáil d'fhocail nár litríodh i gceart (ach ní don Ghaeilge) agus tá bunchumais chuardaigh shéimeantacha ionchorpraithe anois ar féidir leo cruinneas cuardaigh a fheabhsú trí anailís a dhéanamh ar théarmaí i gcomhthéacs an chuardaigh [24]. Léiríonn scéal ratha Google gur féidir leis an líon mór sonraí atá ar fáil agus teicníochtaí innéacsaithe éifeachtúla torthaí sásúla a sheachadadh do chur chuige staitistiúil.

D'iarratais faisnéise níos sofaisticiúla , is gá eolas teangeolaíochta níos doimhne a chomhtháthú do **léirmhíniú téacs**. Léirigh trialacha ag úsáid **acmhainní foclóireachta** cosúil le teasárais nó acmhainní teangeolaíocha (e. g. WordNet don Bhéarla nó Líonra Séimeantach na Gaeilge don Ghaeilge) feabhsúcháin ar leathanaigh a aimsiú ag úsáid chomhchiallaigh na dtéarmaí cuardaigh bunaigh, cosúil le *fuinnimh adamach* [atomic energy], *cumhacht núicléach* [nuclear energy], nó téarmaí eile a bhfuil baint éigin acu leis.

Beidh ar an gcéad ghlúin eile d'innill chuardaigh teicneolaíocht teanga níos sofaisticiúla a chur san áireamh go háirithe d'fhonn déileáil le cuardaigh ina bhfuil ceist nó cineál abairte eile seachas liosta eochairfhocal. Don cheist, *Tabhair liosta dom do na cuideachtaí ar fad ar ghlac cuideachtaí eile ceannas orthu le cúig bliana anuas* caithfidh an córas TT anailís a dhéanamh ar an abairt ó thaobh comhréire agus séimeantaigh mar aon le hinnéacs a chur ar fáil chun cáipéisí cuí a aimsiú go tapa. Teastóidh parsáil chomhréire do fhreagra sásúil chun anailís a dhéanamh ar struchtúr gramadaí na habairte agus cinneadh a dhéanamh go bhfuil an t-úsáideoir ag iarraidh cuideachtaí a glacadh, ní cuideachtaí a ghlac cuideachtaí eile. Don fhrása *le cúig bliana anuas*, caithfidh an córas cinneadh a dhéanamh maidir leis na blianta ábhartha. Agus, caithfear an cheist a mheaitseáil le méid ollmhór sonraí neamhstruchtúrtha chun píosa nó píosaí eolais ábhartha a theastaíonn ón úsáideoir a fháil. Tugtar “aisghabháil faisnéise” air seo, agus baineann sé le cáipéisí ábhartha a chuardach agus a rangú. Chun liosta cuideachtaí a chruthú, caithfidh an córas sraith focal ar leith sa cháipéis a aithint mar ainm cuideachta, próiseas ar a dtugtar “aithint ainm aonáin”.

> Beidh ar an gcéad ghlúin eile d’innill chuardaigh teicneolaíocht teanga níos sofaisticiúla a chur san áireamh.

Dúshlán níos déine is ea ceist a mheaitseáil i dteanga amháin le cáipéisí i dteanga eile. Baineann aisghabháil faisnéise trasteangaí le ceist a uathaistriú sna teangacha foinse féideartha ar fad agus ansin na torthaí ar fad a aistriú ar ais go dtí an sprioctheanga.

Anois agus sonraí á n-aimsiú i bhformáidí neamhthéacsúla, is gá go mbeadh seirbhísí chun aisghabháil faisnéise ilmheáin a sholáthar trí íomhánna, comhaid fuaime agus sonraí físe a chuardach. I gcás comhad fuaime agus físe, caithfidh modúl aitheantais labhartha an t-ábhar labhartha a thiontú ina théacs (nó chuig léirmhíniú foghraíochta) ar féidir é a mheaitseáil in aghaidh ceist úsáideora.

In Éirinn, cuireann líon beag soláthraithe cosúil le Maithú Teoranta agus grúpaí acadúla éagsúla teicneolaíochta teanga comhábhair ar fáil d’anailís foclóireachta agus tascanna cosúla a d’fhéadfaí a úsáid i gcuardach gréasáin. Tá inneall cuardaigh don Ghaeilge, Aimsigh (http://aimsigh.com), a dearadh don teanga (cuardaigh fréamhaithe etc.) ar fáil ó timpeall 2005–2006. Ach, ar bhotúin an tsaoil, níor baineadh an oiread úsáide as is a bhí tuillte aige, agus úsáideann neart daoine comhéadan Gaeilge Google atá logánaithe ach nach bhfuil optamaithe ná oiriúnaithe le hoibriú sa teanga.

4.2.3 Idirghníomhaíocht Labhartha

Úsáidtear teicneolaíocht idirghníomhaíochta labhartha chun comhéadain a chruthú a chumasaíonn úsáideoirí le hidirghníomhú i dteanga labhartha in áit amharc grafach, méarchlár agus luchóg. Inniu, is gnách go n-úsáidtear na comhéadain úsáideora chainte (VUI) seo do sheirbhísí teileafóin cuid nó iomlán uathoibríoch a chuireann cuideachtaí ar fáil do chustaiméirí, fostaithe nó comhpháirtithe. Áirítear le fearainn ghnó a bhíonn ag brath go hiomlán ar VUIanna baincéireacht, slabhra soláthair, iompar poiblí agus teileachumarsáid. Áirítear le húsáidí eile de theicneolaíocht chainte comhéadain le córais treoshuímh cairr agus úsáid na teanga labhartha mar rogha mhalartach le comhéadain ghrafacha nó scáileán tadhaill ar ghutháin chliste.

> Úsáidtear teicneolaíocht idirghníomhaíochta labhartha mar bhunús le comhéadain a chruthú a cheadaíonn úsáideoirí le hidirghníomhú le teanga labhartha in áit amharc grafach, méarchlár agus luchóg.

Tá ceithre theicneolaíocht i dteicneolaíocht labhartha:

1. **Aithint cainte** uathoibríoch (ASR) a chinneann cé na focail a deirtear i sraith ar leith fuaimeanna an úsáideora.
2. Déanann tuiscint teanga nádúrtha anailís ar struchtúr comhréir labhartha an úsáideora agus míníonn sí í de réir an chórais atá i gceist.
3. Cinneann bainistíocht dialóige cén gníomh le déanamh de réir ionchur an úsáideora agus fheidhmíocht an chórais.
4. Aistríonn **sintéis chainte** (téacs go caint nó TTS) freagra an chórais ina fhuaimeanna don úsáideoir.

Ar cheann de na mórdhúshláin a bhaineann le córais ASR na focail a deir úsáideoirí a aithint go beacht. Is é is ciall leis seo an réimse rudaí a deir an t-úsáideoir a shrianú chuig sraith theoranta eochairfhocal,


Aschur Labhartha
Sintéis Chainte
Cuardach Foghraíochta agus Pleanáil Tuin Chainte
Tuiscint teanga nádúrtha agus dialóg
Ionchur Labhartha
Próiseáil Comhartha
Aithint

5: Córas Dialóige Labhairtbhunaithe

nó múnlaí teanga a chruthú de láimh a chlúdaíonn réimse leathan teanga nádúrtha. Trí fheidhm a bhaint as teicníochtaí ríomhfhoghlama, is féidir múnlaí teanga a chothú ó chorpais chainte, i. e. bailiúcháin mhóra de chomhaid chainte fuaime agus tras-scríbhinní téacs. Nuair a chuirtear srian ar chaint, is éigean do dhaoine an comhéadan cainte úsáideora a úsáid ar bhealach docht agus déantar damáiste do ghlacadh úsáideora; ach ardófar costais go suntasach de bharr cruthú, tiúnáil agus cothabháil múnla teanga saibhre. Is iondúil go mbíonn VUIanna a úsáideann múnlaí teanga agus a cheadaíonn don úsáideoir a bhfuil i gceist acu a chur in iúl ar bhealach níos solúbtha – a thosaíonn le fáiltiú *Conas is féidir liom cabhair leat?* – uathoibríoch agus glacann úsáideoirí níos fearr leo.

Is iondúil go n-úsáideann cuideachta cainteoirí gairmiúla chun caint a réamhthaifeadadh chun aschur an chomhéadain úsáideora cainte a chruthú. Do chaint statach nach mbraitheann an fhoclaíocht ar chomhthéacsanna áirithe úsáidte nó sonraí úsáideora pearsanta, tig leis seo taithí níos saibhre a thabhairt don úsáideoir. Ach d'fhéadfadh ábhar níos dinimiciúla bheith beagán mínádúrtha mar gheall gur cuireadh comhaid fuaime randamacha le chéile. Tá córais TTS an lae inniu ag feabhsú (cé gur féidir barrfeabhas a chur orthu) maidir le caint dhinimiciúil nádúrtha a tháirgeadh.

Rinneadh caighdeánú suntasach ar chomhéadain i margadh na teicneolaíochta labhartha le linn an chéid a caitheadh i dtéarmaí a gcomhábhair theicneolaíochta éagsúla. Bhí comhdhlúthú margaidh láidir in aithint cainte agus sintéis chainte chomh maith. Bhí cúigear imreoirí domhanda i gceannas ar na margaí naisiúnta G20 (tíortha athléimneacha ina bhfuil daonraí arda), le Nuance (S.A.M.) agus Loquendo (an Iodáil) ina n-imreoirí ceannasacha san Eoraip. In 2011, d'fhógair Nuance gabháil Loquendo, a léiríonn céim eile i gcomhdhlúthú margaidh.

Sintéis agus Aithint Labhartha

Braitheann córais dialóige labhartha go mór ar an teicneolaíocht bhunúsach ar a bhfuil an tsintéis agus aithint labhartha bunaithe. Agus braitheann an tsintéis agus aithint urlabhra ar réimse leathan uirlisí agus acmhainní, nach mbíonn mar chuid de chóras próiseála téacs de ghnáth. Chun gléas sintéise a chur le chéile, mar shampla, caithfidh corpas labhartha a bheith ar fáil, ar a bhfuil trascríobh agus trascanú déanta. Tá gá fosta le foclóirí fuaimnithe, rialacha a aistríonn ón litriú go fuaim, samhail d'fhuaimeanna na teanga, agus samhail den tuinníocht agus den rithim chainte. Mar sin, chun teicneolaíocht na hurlabhra a bhunú do theanga úr, caithfidh go leor anailíse chainníochtúil a bheith déanta roimh réidh ar an teanga labhartha.

Tá a lán taighde ar shintéis na Gaeilge ar siúl (tionscadal

ABAIR) san Ionad do Theicneolaíocht Urlabhra agus Teangeolaíochta na Ghaeilge, (ITUT) i gColáiste na Tríonóide [25]. Ós rud é nach raibh an chuid is mó de na hacmhainní riachtanacha ar fáil don Ghaeilge, tá formhór na taighde seo dírithe ar sholáthar na n-acmhainní. Go minic is féidir acmhainní a bhunú go tapaigh do theanga úr ag baint úsáide as modhanna meaisínfhoghlama. Ach leis na deacrachtaí faoi leith a bhaineann leis an Ghaeilge (féach Mír 3.2), níor éirigh go ró-mhaith leis na modhanna seo, agus b'éigean córáis lámhscríofa a chruthú. Mar a mhínítear i Mír 3, caithfidh an teicneolaíocht a bheith in oiriúint don teanga agus don chomhthéacs ina labhraítear í. I gcás na Gaeilge, ba léir ón tús go mbeadh gá le háis a dhéanfadh freastal ar na canúintí éagsúla. Mar gheall air sin, nuair is féidir, tá forbairt á déanamh ar acmhainní mar chodanna ollchanúnacha (a bhaineann le tréithe atá i gcoiteann ag na canúintí) agus codanna chanúnacha (tréithe nach mbaineann ach le canúint amháin). Fágann seo gur féidir athúsáid a bhaint as modúil, agus gur féidir acmhainní a chur ar fáil ar bhealach níos fusa do chanúint úr.

Cuireadh córas sintéise a aistríonn téacs go hurlabhra, an córas ABAIR, ar fáil ar an idirlíon ag http://www.abair.ie do Ghaeilge Dhún na nGall. Cuirfear glór eile, le canúint Chonamara ar fáil gan mhoill ar an suíomh céanna, agus tá taighde ar siúl faoi láthair ar chanúint Chiarraí, rud atá de dhíth chun freastal ar chainteoirí ón deisceart.

Cé nár déanadh poiblíocht faoi leith dó, agus cé gur ar Ghaeilge an Tuaiscirt amháin atá http://www.abair.ie ag freastal go dtí seo, tá sé ag dul i bhfeidhm cheana féin ar phobal na Gaeilge in Éirinn agus thar lear. Tugadh cuairt ar an suíomh 40,000 uair i 2011, agus b'as an coimhthíoch breis is leath na gcuairteoirí. Tá sé in úsáid níos mó agus níos mó sna scoileanna, go hairithe i dTuaisceart na hÉireann, mar a bhfuil an chanúint ag fóirstean. Tá múinteoirí, tuistí agus foghlaimeoirí á úsáid. Tá dhá fhadhb le sárú ag an fhoghlaimeoir, lena gcuidíonn sé gur féidir leis éisteacht le téacs á léamh amach. Ar an chéad dul síos, is minic nach mbíonn a fhios ag an fhoghlaimeoir an dóigh le focail scríofa a rá, mar go bhfuil an litriú an-chasta agus go bhfuil fuaimeanna na Gaeilge iontach difriúil ón Bhéarla. Ar an dara dul síos, níl teacht go héasca ag formhór na bhfoghlaimeoirí, in Éirinn nó thar lear, ar chainteoirí dúchais.

Ag freagairt don tsuim atá lucht oideachais na Gaeilge ag cur sa chóras, tá foireann ABAIR ag déanamh forbartha ar áis a chuideoidh le foghlaimeoirí scileanna liteartha agus blas cainte a chothú. Lena chois sin, i gcomhoibriú le grúpaí taighde eile i gColáiste na Tríonóide [26], tá cluichí teanga idirghníomhacha á bhforbairt agus ábhair theagaisc atá suite sa saol fíorúla. Tá glórtha sintéise ABAIR mar bhunús acu seo. Tá obair ríthábhachtach a bhfuil gá léi go práinneach ar siúl fosta ag foireann ABAIR chun freastal ar dhaoine atá faoi míchumas radhairc. Is trí mheán na sintéise amháin gur féidir leo seo teacht ar eolas ar an idirlíon agus ar ábhair leictreonacha eile, rud atá riachtanach i bhfoghlaim na Gaeilge, don oideachas trí mheán na Gaeilge. Tá sé riachtanach fosta le cur ar a gcumas páirt iomlán a ghlacadh i mórán imeachtaí a bhaineann le pobal na Gaeilge.

Cé go bhfuil go leor bainte amach go dtí seo, tá méid mór oibre le déanamh go fóill chun an dúshraith seo a dhaingniú, agus chun na corpais, na glórthaí sintéise agus na hacmhainní a bhaineann leo a fhorbairt go dtí an leibhéal ag a bhfuil a macasamhail sna mórtheangacha.

Sa réimse a bhaineann le haithint labhartha, níl aon fhorbairt déanta fós. Mar sin féin, tá méid áirithe den dúshraith á forbairt, sa mhéid is gur ionann a lán de na hacmhainní don aithint labhartha agus iad siúd atá á bhforbairt don tsintéis. Ach beidh gá le corpais ollmhóra labhartha le trascríobh iomlán foghraíochta, chun an réimse seo a thabhairt ar aghaidh. Mar sin, tá bealach fada le dul sula mbíonn muid in ann córais dialóige labhartha a chur ar fáil don Ghaeilge. Cé go bhfuil cuid de na píosaí á gcur ar fáil de réir a chéile, tá cuid eile, cosúil le aithint labhartha, a bhfuil forbairt iomlán le déanamh orthu go fóill.

Faoi láthair, tá teicneolaíocht na hurlabhra don Ghaeilge PC-bhunaithe, don chuid is mó, cé go bhfuil ceann nó dhó ar fáil. Ach sa todhchaí, tarlóidh athruithe suntasacha de bharr scaipeadh guthán cliste mar léibheann nua chun caidreamh custaiméara a bhainistiú anuas ar theileafóin sheasta, ar an Idirlíon agus ar an ríomhphost. Beidh tionchar aige seo ar an gcaoi a n-úsáidfear teicneolaíocht idirchaidrimh chainte. Don fhadtréimhse, beidh níos lú VUIanna teileafónbhunaithe agus beidh ról i bhfad níos lárnaí ag an teanga labhartha amhail ionchur soláimhsithe do ghutháin chliste. Tiomáinfidh feabhsúcháin chéimnithe é seo go príomha i gcruinneas aithint cainte neamhspleách ar chainteoir trí sheirbhísí deachtúcháin a chuirtear ar fáil cheana mar sheirbhísí lárnaithe d'úsáideoirí guthán cliste.

4.2.4 Uathaistriú

Téann an smaoineamh maidir le ríomhairí digiteacha a úsáid le teangacha nádúrtha a aistriú siar go dtí 1946 agus tháinig maoiniú suntasach ina dhiaidh sin do thaighde sna 1950idí agus arís sna 1980idí. Ach fós féin, ní féidir le **huathaistriú** ("machine translation," MT) an rud a rabhthas ag súil uaidh a chomhlíonadh, is é sin uathaistriú cuimsitheach.

> Ag a leibhéal bunúsach, ionadaíonn Uathaistriú focail i dteanga nádúrtha amháin le focail i dteanga eile.

Is é an cur chuige is bunúsaí le huathaistriúchán focail i dtéacs i dteanga nádúrtha amháin a ionadú go huathoibríoch le focail i dteanga eile. Tig leis seo bheith an-úsáideach i bhfearainn ainmní ina bhfuil teanga foirmleach an-srianta cosúil le tuairiscí aimsire. Ach, chun dea-aistriúchán a chur ar fáil do théacsanna nach bhfuil caighdeánaithe, caithfear aonaid téacs níos mó (frásaí, abairtí, nó pasáistí iomlána) a mheaitseáil lena macasamhail sa sprioctheanga. Is é an mórdheacracht go bhfuil teanga dhaonna débhríoch. Cruthaíonn débhríochas dúshláin ar il-leibhéil, cosúil le débhríochas focail ar leibhéal foclóireachta (is branda cairr nó ainmhí atá in *jaguar*).

Bealach amháin le córas MT a thógáil is ea rialacha teangeolaíocha a úsáid. D'aistriúcháin idir teangacha le gaol gar eatarthu, d'fhéadfaí aistriúchán ionadaithe dhírigh a úsáid i gcásanna cosúil leis an sampla thuas. Ach, go minic déanann córais riailbhunaithe (nó eolasbhunaithe teangeolaíochta) anailís ar an téacs ionchuir agus cruthaíonn siad léiriú siombalach idirmheánach ónar féidir an téacs a chruthú sa sprioctheanga. Braitheann rath na modhanna seo ar infhaighteacht foclóirí fairsinge le faisnéis mhoirfeolaíochta, chomhréire agus shéimeantach, agus sraitheanna níos mó de rialacha gramadaí a dhear teangeolaithe oilte go cúramach. Is próiseas an-fhada agus dá bhrí sin, costasach atá anseo.

Go déanach sna 1980idí nuair a d'fheabhsaigh cumhacht ríomhaireachta agus a laghdaigh sé i gcostas, ach bhí suim níos mó i múnlaí staitistiúla d'uathaistriú. Eascraíonn múnlaí staitistiúla ó anailís a dhéanamh ar chorpais téacs dhátheangacha, cosúil le **corpais chomhthreomhara** Europarl, ina bhfuil imeachtaí Pharlaimint na hEorpa in 11 theanga Eorpacha. Má chuirtear dóthain sonraí ann, oibríonn MT staitistiúil sách maith chun míniú measta a bhaint as téacs i dteanga iasachta trí leaganacha comhthreomhara a phróiseáil agus pátrúin focail sochreidte a aimsiú. Ach, neamhchosúil le córais eolasbhunaithe, cruthaíonn MT staitistiúil (nó sonraíbhunaithe) aschur neamhghramadaí go minic.



6: Uathaistriú (ar chlé: staitistiúil, ar dheis: riailbhunaithe)

Tá buntáistí ag baint le MT sonraíbhunaithe mar nach dteastaíonn an oiread iarracht dhaonna, agus tig leis sonraíochtaí speisialta den teanga a chlúdach (e. g. leaganacha cainte) a dtugtar neamhaird orthu i gcórais eolasbhunaithe.
Is iondúil go mbíonn na láidreachtaí agus na laigí atá ag uathaistriú eolasbhunaithe agus sonraíbhunaithe comhlántach, agus anois díríonn taighdeoirí ar chur chuige hibride a úsáideann an dá mhodheolaíocht. Úsáideann cur chuige amháin córais eolasbhunaithe agus sonraíbhunaithe mar aon le modúl roghnaithe a dhéanann cinneadh ar an aschur is fearr do gach abairt. Ach, ní bheidh torthaí d'abairtí níos faide ná 12 fhocal foirfe in aon chor. Réiteach níos fearr is ea na codanna is fearr do gach abairt as ilaschuir a cheangal; tig leis seo bheith réasúnta coimpléascach, mar nach mbíonn codanna comhfhreagracha de roghanna malartacha soiléir i gcónaí agus caithfear ailíniú a dhéanamh orthu.

De bharr easpa sonraí, tá dúshlán ar leith ag baint le hUathaistriú don Ghaeilge.

Cé go bhfuil obair cheannródaíoch déanta don Ghaeilge i réimse na gcuimhní aistriúcháin, tá cumas mór fós ann do chaighdeán na gcóras MT a fheabhsú. Baineann na dúshláin le hacmhainní teanga a oiriúnú chuig fearainn ainmní nó réimse úsáideora, agus an teicneolaíocht a chomhtháthú ina shreabhadh oibre ina bhfuil bunachair théarmaí agus cuimhní aistriúcháin cheana. Fadhb eile is ea go bhfuil formhór na gcóras reatha bunaithe ar an mBéarla agus ní thacaíonn mórán acu le Gaeilge. Dá bharr seo bíonn frithchuimilt sa sreabhadh oibre aistriúcháin agus cuireann sé brú ar úsáideoirí MT uirlisí códaithe foclóireachta éagsúla a fhoghlaim do chórais éagsúla.

Tá roinnt obair tionsclaíocha déanta ar chóras uathaistrithe don Ghaeilge ag Traslan Teoranta, atá ceannaithe ag an chomhlacht Sasanach Applied Language Solutions le déanaí. Feidhmíonn an córas móréilimh Google Translate le Gaeilge go pointe áirithe chomh maith. Ach tá easpa acmhainní teanga (corpais comhthreomhar, agus foclóirí dátheangacha) ina chonstaic ar fhorbairt bhreise a dhéanamh ar chóras uathaistrithe don Ghaeilge.

Cuidíonn feachtais luachála comparáid a dhéanamh idir caighdeán na gcóras MT, an cur chuige éagsúil agus stádas na gcóras do phéirí teanga éagsúla. Léiríonn an tábla 7 thíos, a réitíodh le linn thionscadal EC Euromatrix+, na feidhmíochtaí bunaithe ar phéirí a baineadh amach do 22 de na 23 teanga oifigiúil Eorpach. (Ní raibh an Ghaeilge san áireamh sa chomparáid de bharr easpa uirlisí bheith ar fáil.) Rangaíodh na torthaí de réir scór BLEU, a léiríonn scóir níos airde d'aistriúcháin níos fearr [27]. Gheobhadh aistritheoir daonna scór timpeall 80 pointe.

Baineadh amach na torthaí is fearr (i nglas agus gorm) i dteangacha a fhaigheann buntáiste as taighde suntasach i gcláir chomhordaithe agus ó na corpais chomhthreomhara a bhí ann (e. g. Béarla, Fraincis, Ollainnis, Spáinnis agus Gearmáinis). Léirítear na teangacha le torthaí níos measa i ndearg. Níl iarrachtaí forbartha ag na teangacha seo nó tá struchtúr an-difriúil acu ó na teangacha eile (e. g. Ungáiris, Máltais agus Fionlainnis).

4.3 RÉIMSÍ EILE FEIDHME

Baineann réimse fothascanna nach bhfeictear ag leibhéal na hidirghníomhaíochta leis an úsáideoir i gcónaí, le feidhmchláir teicneolaíochta teanga a thógáil, ach cuireann siad feidhmeanna seirbhíse suntasacha "laistigh" den chóras atá i gceist. Bíonn siad ar fad mar chuid de shaincheisteanna taighde atá fásta anois ina bhfodhisciplíní aonair de ríomhtheangeolaíocht agus eolaíocht na hurlabhra.

> Cuireann feidhmchláir teicneolaíochta teanga feidhmeanna seirbhíse suntasacha ar fáil "laistigh" de chórais bhogearraí níos mó.

Is réimse taighde ghníomhaigh atá i bhfreagairt ceisteanna, mar shampla, lenar tógadh corpais anótáilte (don Bhéarla go príomha) agus lenar tosaíodh comórtais eolaíochta. Téann coincheap freagairte ceisteanna níos faide ná cuardaigh bunaithe ar eochairfhocail (ina bhfreagraíonn an t-inneall cuardaigh trí bhailiúchán cáipéisí a d'fhéadfadh bheith ábhartha a sheachadadh) agus a chumasaíonn úsáideoirí ceist a chur agus go dtugann an córas freagra amháin air. Mar shampla:

Ceist: Cén aois a bhí Neil Armstrong nuair a sheas sé ar an ngealach?

Freagra: 38.

Cé go bhfuil gaol ag freagairt ceisteanna le croíréimse an chuardaigh ghréasáin, is brat-téarma é seo anois ar shaincheisteanna taighde den chineál seo maidir leis na cineálacha éagsúla ceisteanna atá ann, agus an chaoi ar cheart iad a láimhseáil; conas anailís agus comparáid a dhéanamh ar shraith cáipéisí ina bhféadfadh an freagra a bheith (an dtugann siad freagraí coimhlinte?); agus an chaoi ar féidir eolas ar leith (an freagra) a bhaint i gceart as cáipéis gan neamhaird a thabhairt ar an gcomhthéacs.

Bhain sé seo ina dhiaidh sin le baint faisnéise (IE), réimse a raibh an-tóir air agus a raibh tionchar aige nuair a chuaigh teangeolaíocht ríomhaireachta i dtreo staitistiúil ag tús na 1990idí. Díríonn IE ar phíosaí ar leith faisnéise a aithint i gcineálacha áirithe cáipéisí, cosúil le príomhpháirtithe i ngabhálacha cuideachta a aithint amhail a tuairiscíodh iad i scéalta nuachtáin. Cás coitianta eile a ndearnadh staidéar air is ea tuairiscí ar eachtraí sceimhlitheoireachta. Is í an fhadhb anseo an teacs a léarscáiliú chuig teimpléad a leagann amach déantóir na hoibre, sprioc, am, láthair agus torthaí na heachtra. Tá líonadh teimpléid fearainnshonrach ina shaintréith lárnach de IE, atá ina shampla eile de theicneolaíocht "laistigh" atá ina chuid de réimse taighde dea-chríochaithe a chaithfear bheith leabaithe i dtimpeallacht feidhmchláir oiriúnaigh i gcleachtadh.

Is dhá réimse teorann iad achoimriú agus **giniúint téacs** ar féidir leo feidhmiú mar fheidhmchláir astu féin nó ról tacaíochta bheith acu "laistigh". Déantar iarracht le hachoimriú na nithe is ríthábhachtaí as téacs fada a thabhairt i leagan gearr, agus tá sé ar cheann de na gnéithe atá ar fáil in Microsoft Word. Úsáideann sé cur chuige staitistiúil den chuid is mó chun na focail "thábhachtacha" i dtéacs a shainaithint (i. e. focail a fheictear go minic sa téacs atá i gceist ach nach mbíonn chomh minic i ngnáthúsáid teanga) agus cinneadh a dhéanamh maidir leis na habairtí ina bhfuil na focail is "tábhachtaí". Ansin, baintear amach na habairtí seo agus cuirtear le chéile iad chun achoimre a chruthú. Is cás

	Sprioctheanga – Target language																				
	EN	BG	DE	CS	DA	EL	ES	ET	FI	FR	HU	IT	LT	LV	MT	NL	PL	PT	RO	SK	SL	SV
EN	–	40.5	46.8	52.6	50.0	41.0	55.2	34.8	38.6	50.1	37.2	50.4	39.6	43.4	39.8	52.3	49.2	55.0	49.0	44.7	50.7	52.0
BG	61.3	–	38.7	39.4	39.6	34.5	46.9	25.5	26.7	42.4	22.0	43.5	29.3	29.1	25.9	44.9	35.1	45.9	36.8	34.1	34.1	39.9
DE	53.6	26.3	–	35.4	43.1	32.8	47.1	26.7	29.5	39.4	27.6	42.7	27.6	30.3	19.8	50.2	30.2	44.1	30.7	29.4	31.4	41.2
CS	58.4	32.0	42.6	–	43.6	34.6	48.9	30.7	30.5	41.6	27.4	44.3	34.5	35.8	26.3	46.5	39.2	45.7	36.5	43.6	41.3	42.9
DA	57.6	28.7	44.1	35.7	–	34.3	47.5	27.8	31.6	41.3	24.2	43.8	29.7	32.9	21.1	48.5	34.3	45.4	33.9	33.0	36.2	47.2
EL	59.5	32.4	43.1	37.7	44.5	–	54.0	26.5	29.0	48.3	23.7	49.6	29.0	32.6	23.8	48.9	34.2	52.5	37.2	33.1	36.3	43.3
ES	60.0	31.1	42.7	37.5	44.4	39.4	–	25.4	28.5	51.3	24.0	51.7	26.8	30.5	24.6	48.8	33.9	57.3	38.1	31.7	33.9	43.7
ET	52.0	24.6	37.3	35.2	37.8	28.2	40.4	–	37.7	33.4	30.9	37.0	35.0	36.9	20.5	41.3	32.0	37.8	28.0	30.6	32.9	37.3
FI	49.3	23.2	36.0	32.0	37.9	27.2	39.7	34.9	–	29.5	27.2	36.6	30.5	32.5	19.4	40.6	28.8	37.5	26.5	27.3	28.2	37.6
FR	64.0	34.5	45.1	39.5	47.4	42.8	60.9	26.7	30.0	–	25.5	56.1	28.3	31.9	25.3	51.6	35.7	61.0	43.8	33.1	35.6	45.8
HU	48.0	24.7	34.3	30.0	33.0	25.5	34.1	29.6	29.4	30.7	–	33.5	29.6	31.9	18.1	36.1	29.8	34.2	25.7	25.6	28.2	30.5
IT	61.0	32.1	44.3	38.9	45.8	40.6	26.9	25.0	29.7	52.7	24.2	–	29.4	32.6	24.6	50.5	35.2	56.5	39.3	32.5	34.7	44.3
LT	51.8	27.6	33.9	37.0	36.8	26.5	21.1	34.2	32.0	34.4	28.5	36.8	–	40.1	22.2	38.1	31.6	31.6	29.3	31.8	35.3	35.3
LV	54.0	29.1	35.0	37.8	38.5	29.7	8.0	34.2	32.4	35.6	29.3	38.9	38.4	–	23.3	41.5	34.4	39.6	31.0	33.3	37.1	38.0
MT	72.1	32.2	37.2	37.9	38.9	33.7	48.7	26.9	25.8	42.4	22.4	43.7	30.2	33.2	–	44.0	37.1	45.9	38.9	35.8	40.0	41.6
NL	56.9	29.3	46.9	37.0	45.4	35.3	49.7	27.5	29.8	43.4	25.3	44.5	28.6	31.7	22.0	–	32.0	47.7	33.0	30.1	34.6	43.6
PL	60.8	31.5	40.2	44.2	42.1	34.2	46.2	29.2	29.0	40.0	24.5	43.2	33.2	35.6	27.9	44.8	–	44.1	38.2	38.2	39.8	42.1
PT	60.7	31.4	42.9	38.4	42.8	40.2	60.7	26.4	29.2	53.2	23.8	52.8	28.0	31.5	24.8	49.3	34.5	–	39.4	32.1	34.4	43.9
RO	60.8	33.1	38.5	37.8	40.3	35.6	50.4	24.6	26.2	46.5	25.0	44.8	28.4	29.9	28.7	43.0	35.8	48.5	–	31.5	35.1	39.4
SK	60.8	32.6	39.4	48.1	41.0	33.3	46.2	29.8	28.4	39.4	27.4	41.8	33.8	36.7	28.5	44.4	39.0	43.3	35.3	–	42.6	41.8
SL	61.0	33.1	37.9	43.5	42.6	34.0	47.0	31.1	28.8	38.2	25.7	42.3	34.6	37.3	30.0	45.9	38.2	44.1	35.8	38.9	–	42.7
SV	58.5	26.9	41.0	35.6	46.6	33.3	46.6	27.4	30.9	38.9	22.7	42.0	28.2	31.0	23.7	45.6	32.2	44.2	32.7	31.3	33.5	–

7: Uathaistriú idir 22 Theanga AE – Machine translation between 22 EU-languages [28]

tráchtála an-choitianta é seo, níl in achoimriú ach saghas bainte abairtí, agus laghdaítear an téacs chuig foshraith a abairtí. Cur chuige malartach, ar a ndearnadh roinnt taighde, is ea chun branda nua abairtí a ghiniúint nach bhfuil ar fáil sa bhuntéacs. Tá tuiscint níos doimhne ag teastáil ar an téacs dó seo, agus dá bharr seo níl an cur chuige seo chomh láidir. Ar an iomlán, is annamh a úsáidtear ginteoir téacs mar fheidhmchlár as féin ach bíonn sé leabaithe i dtimpeallacht bogearraí níos mó cosúil le córas faisnéise cliniciúil a bhailíonn, a stórálann agus a phróiseálann sonraí othair. Níl i gcruthú tuairiscí ach ceann de na feidhmeanna d'achoimriú téacs.

Don Ghaeilge, níl an oiread forbartha déanta ar na teicneolaíochtaí téacs seo is atá do theangacha Eorpacha eile. Díríodh ar fhreagairt ceisteanna, baint faisnéise agus achoimriú i roinnt comórtais oscailte i S.A.M. ó na 1990idí, á n-eagrú go príomha ag eagraíochtaí urraithe ag an rialtas DARPA agus NIST. D'fheabhsaigh na comórtais seo an teicneolaíocht úrscothach, ach dhírigh siad den chuid is mó ar an mBéarla. Mar thoradh, níl na corpais anótáilte agus acmhainní speisialta eile a theastaíonn chun na tascanna seo a dhéanamh i dteangacha eile forbartha chomh maith. Cé go bhfuil roinnt ar fáil do theangacha Eorpacha le hacmhainní níos fearr cosúil leis an nGearmáinis, níl mórán uirlisí ná acmhainní riachtanacha ar fáil don Ghaeilge.

4.4 TIONSCAL AGUS CLÁIR TT

Tá tionscail úsáideora agus soláthróra ar fáil do TT Gaeilge ach díríonn siad go príomha ar sheirbhísí logánaithe agus aistrithe mar thoradh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla agus an Ghaeilge a bheith ina teanga oifigiúil san AE. Tá margadh i mbéal fáis chomh maith ann in oideachas de réir mar a thugann cleachtas múinteoireachta teicneolaíochtaí nua san áireamh. Ar an dóigh chéanna, tá treocht ag teacht chun cinn i measc na glúine níos óige i dtreo an ghá le tacaíocht TT fheabhsaithe don Ghaeilge.

Is fostóir suntasach atá sa tionscal teanga in Éirinn. Ag fás ó timpeall 4–5k post i lár na 90idí go dtí os cionn 12k ag tús an chéid seo, tá stop leis an bhfás anois agus timpeall 14–16k post díreach ar fáil sa tionscal logánaithe agus aistriúcháin in Éirinn. Tá Acht na dTeangacha Oifigiúla á athbhreithniú faoi láthair agus d'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag toradh an athbhreithnithe seo ar earnáil an aistriúcháin agus na teicneolaíochtaí gaolmhara.

Tá roinnt ionaid bharrfeabhais do theangeolaíocht agus taighde ar theicneolaíocht teanga agus forbairt tionscail, mar shampla tá oifigí ag Microsoft, IBM, Google agus Symantec ar fad in Éirinn agus iad ag oibriú ar ghnéithe áirithe de TT. Ach ní dhéanann siad ach fíorbheagán oibre ar shonraí na Gaeilge. Ar an gcuma chéanna, cé go ndearna gníomhairí rialtais ar nós SFI agus IRCSET infheistíocht mhór i dtaighde a bhaineann le TT, ní raibh mórán de seo dírithe ar TT don Ghaeilge. Tharla seo de bharr pleanáil easnamhach ar an gcineáil taighde eimpíreach atá de dhíth má tá bláthú le teacht ar TT na Gaeilge.

In ainneoin na faidhbe seo chuireadh roinnt airgid ar fáil don Ghaeilge ón AE agus gníomhaireachtaí rialtais mar Fhoras na Gaeilge agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chumasaigh taighde agus forbairt ar acmhainn na canúna agus teicneolaíocht don sintéis, ar fhorbairt chorpais (Nua Chorpas na hÉireann, corpas.focloir.ie; Corpais GaLa agus Abair, www.tcd.ie/slscs/itut/) ar uirlisí phróiseáil téacs (www.tcd.ie/slscs/itut/), bunachar sonraí foclóra (www.focal.ie) agus i láthair na huaire tá tionscadal an fhoclóra nua Béarla-Gaeilge (www.focloir.ie) faoi lánsheol. Ní mór dúinn a lua an infheistíocht ama agus airgid ó dhaoine taobh amuigh den tír (e. g. WinGléacht, EasyReader, An Gramadóir agus eile).

Tá roinnt SMEanna tagtha chun tosaigh, mar shampla, tá feidhmchláir foclóra shoghluaiste don Ghaeilge a úsáideann an sintéiseoir Abair.ie, táirgthe ag an gcomhlacht Maithiú. De réir mar a fhásann margaí soghluaiste agus an ghréasáin shóisialta, beidh níos mó deiseanna ag gnólachtaí chun teicneolaíocht teanga a sholáthar don Ghaeilge.

In ainneoin na bhfigiúirí láidre fostaíochta i dtionscal na teanga in Éirinn agus deiseanna atá ag fás sa mhargadh dúchais don teanga Ghaeilge, bíonn formhór na hoibre in TT "i bhfolach" ón úsáideoir/gcustaiméir. Déarfadh go leor daoine gur mar is ceart dó bheith, mar is teicneolaíocht chumasaithe atá in TT a chuireann comhábhair ar fáil chun an chaoi a ndéanaimid idirghníomhaíocht le táirgí agus seirbhísí eile a shimpliú, a fheabhsú nó a réabhlóidiú. Mar shampla, ní smaoinímid ar na rudaí a tharlaíonn in inneall an chairr, bímid sásta go n-oibríonn siad. Ach, cruthaíonn an cás seo a dheacracht féin dúinn i bpobal an TT sa chaoi is go mbíonn sé deacair na buntáistí agus éilimh ar theicneolaíochtaí teanga a chur in iúl do go leor grúpaí. Dá bharr seo, éiríonn an cás nach bhfeiceann go leor daoine a oibríonn i réimsí gaolmhara an buntáiste a bhaineann le TT a úsáid ina réimse.

Is léir ón aiseolas maidir le na córais úrnua ar líne (focal.ie, abair.ie) go bhfuil margadh ann do theicneolaíochtaí teanga Gaeilge. Tá éileamh ag teacht ón phobal go ginearálta, agus ón réimse oideachais le haghaidh foghlaim teanga ríomhchuidithe don Ghaeilge, ón réimse Gaelscolaíochta go háirithe le haghaidh foghlaim teanga ríomhchuidithe don churaclam ar fad a mhúintear trí mheáin na Gaeilge, agus géaréileamh ó lucht míchumas radhairc agus labhartha do shintéiseoir. I bpáirt, tá sé ag teacht ón teicneolaíocht teanga/sholáthróirí agus úsáideoirí seirbhíse aibí atá ann cheana, ach chomh maith ón éileamh atá á chothú ag cainteoirí óga Gaeilge. Tá sé seo á éascú ag an mborradh ollmhór in TFC in Éirinn agus feabhsúcháin a rinneadh le déanaí i mbonneagar leathanbhanda chun é seo a thacú. Tá sé de bharr, chomh maith, an bhorrtha atá ar ghníomhaíochtaí ar líne, líonrú sóisialta agus gníomhaíocht foghlama go háirithe, sa ghlúin níos óige a úsáideann an teanga beagnach gach lá agus a ghlacann léi na teicneolaíochtaí seo go luath ina nósanna maireachtála.

4.5 TAIGHDE AGUS OIDEACHAS TT IN ÉIRINN

Tá traidisiúin láidir ríomheolaíochta agus innealtóireacht na hurlabhartha sna hinstitiúidí tríú leibhéil in Éirinn, go háirithe i mBaile Átha Cliath. Tá an pobal teangeolaíochta ríomhaireachta agus teicneolaíochta teanga in Éirinn réasúnta beag ach tá sé gníomhach. Tá go leor idirghníomhaíochta agus comhoibrithe idir institiúidí agus comhpháirtithe tionscail d'fhonn an réimse in Éirinn a choinneáil beo. Le déanaí, chuir Science Foundation Ireland airgead mór ar fáil le haghaidh cnuasach thaighde tras-institiúideach (DCU, UCD, TCD, UCL), an Ionad do Logánú don Chéad Ghlúin Eile (CNGL), i dteannta le roinnt páirtnéirí tionslaíocha. Cuireann taighdeoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta a gcuid oibre i láthair ag an Dublin Computational Linguistics Research Seminar Series a aistríonn go bliantúil idir roinnt institiúidí tríú leibhéil (DCU, TCD, UCD agus DIT). Leis an saineolas seo ar fáil in institiúidí Éireannacha, is mór an t-iontas nach bhfuil an cás do theicneolaíochtaí teanga don Ghaeilge níos fearr. Tá deiseanna iontach ann áfach. Ach, seachas imeachtaí sna hionaid a luadh agus roinnt imeachtaí ollscoile, níl aon chomhdháil nó imeacht pobail don TT Gaeilge.

In Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, tá an tIonad Náisiúnta do Theicneolaíocht Teanga, atá naisc láidre acu le Taighde agus Forbairt thionsclaíoch go háitiúil agus thar lear, mar aon le naisc láidre le hionaid bharrfeabhais Eorpacha eile sa réimse. I gColáiste na Tríonóide tá An tIonad Teicneolaíochta Urlabhra agus Teanga don Ghaeilge (Centre for Speech and Language Technology for Irish) a dhíríonn a gcuid taighde agus forbairt i dteicneolaíochta urlabhartha agus teanga ar an teanga Ghaeilge. Díríonn an Roinn Computer Science and Informatics in UCD a gcuid taighde ar innealtóireacht na hurlabhartha.

Cé gur mhórthéamaí iad uathaistriú agus TT ilteangacha sa chnuasach taighde CNGL is beag taighde a bhí dírithe ar an nGaeilge. Cloíonn seo leis an bhfírinne níos leithne: go bhfuil airgeadú tiomanta ar mhéadú eacnamaíochta, i bhfoirm ghnó agus postanna agus go príomha méadú shaibhreas. Ach níl margadh mór ag an nGaeilge i gcomparáid leis na mórtheangacha ar nós an Bhéarla, na Gearmáinise, na Fraincise, agus ag tíortha Eorpacha eile a bhfuil níos mó cainteoirí acu.

Mar sin féin, tá dul chun cinn maith á dhéanadh ag an ngrúpa ITUT i gColáiste na Tríonóide atá dírithe, ach go háirithe ar fhorbairt acmhainní do phróiseáil na hurlabhartha, ar an tsintéis, ar fhorbairt chorpais agus ar acmhainní téacs don Ghaeilge. Tá an fhorbairt seo á déanamh sa dóigh is go bhfreagraíonn sé do na deacrachtaí speisialta a bhaineann le forbairt na teicneolaíochta seo, sa chomhthéacs ina bhfuil an Ghaeilge mar mhionteanga. Chomh maith le forbairt na n-acmhainní agus na mbunuirlisí seo, tá an fhoireann ag déanamh taighde fosta ar fheidhmchláir atá ag dul i bhfeidhm ar phobail na Gaeilge cheana féin. Tá sé seo tábhachtach agus is cuidiú mór é go bhfuil taighdeoirí sinsearacha mar bhaill de ITUT a bhfuil an-taithí i gcúrsaí oideachais, polasaí teanga agus i gcúrsaí míchumais. Tá dlúthchomhoibriú fosta idir ITUT agus grúpaí taighde eile i gColáiste na Tríonóide, in Éirinn agus thar lear.

Tá fochéim amháin ar fáil faoi láthair i dteangeolaíocht ríomhaireachta as measc ollscoileanna na hÉireann. Tá B.A. i Ríomheolaíocht agus Teanga i gColáiste na Tríonóide ina ndéantar staidéar ar ríomheolaíocht, theangeolaíocht agus theanga áirithe. Is féidir glacadh le 25 mac léinn ar an gcúrsa céime seo gach bliain;le timpeall cúigear acu sin ag déanamh staidéir ar an nGaeilge. Tá cúrsa iarchéime i gColáiste na Tríonóide chomh maith; an M.Phil i bPróiseáil Urlabhra agus Teanga. Tugann an cúrsa máistreachta seo deis do chéimithe le cúlraí éagsúla (e. g. innealtóireacht, ríomhaireacht nó teangeolaíocht) na scileanna atá riachtanach le taighde a dhéanamh ar theicneolaíocht na Gaeilge a chothú.

Cé go dtugann na cúrsaí seo na bunscileanna atá ag teastáil don teicneolaíocht, is fíorbheagán mac léinn le Ghaeilge a chuireann isteach orthu. Fágann sin go bhfuil easpa mór céimithe agus iarchéimithe ag teacht chun tosaigh a bhfuil na cáilíochtaí acu chun an taighde seo a dhéanamh don Ghaeilge. Is constaic mhór do na tionscadail taighde nach féidir teacht ar thaighdeoirí oilte le ardchaighdeáin i nGaeilge, teangeolaíocht, innealtóireacht agus modhanna ríomhaireachta. Mar sin féin, cé nach raibh ach fíorbheagán iarchéimithe le hoiliúintí cuí, chuir siad go mór leis na tionscadail agus gaiscí atá déanta do dtí seo. Is dúshlán dúinn bealach a aimsiú chun mic léinn le hardchaighdeán Ghaeilge, agus go háirithe cainteoirí dúchais, a mhealladh chun fhreastal ar na cúrsaí seo.

Pointe amháin eile: taobh amuigh de imeachtaí inmheánacha na n-ionad (thuasluaite) agus corr imeachtaí ollscoile eile, níl aon comhdháil ina dtagann lucht taighde TT na Gaeilge le chéile.

4.6 INFHAIGHTEACHT UIRLISÍ AGUS ACMHAINNÍ

Déantar achoimre sa tábla 7 a leanas ar staid reatha na tacaíochta don teicneolaíocht teanga don Ghaeilge. Chuir saineolaithe sa réimse oibre an rátáil ar fáil do na huirlisí agus acmhainní reatha a chuir meastacháin ar fáil bunaithe ar scála ó 0 (an-íseal) go 6 (an-ard) de réir seacht gcritéar.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhthorthaí don Ghaeilge mar seo a leanas:

- Níl mórán uirlisí ná acmhainní ar fáil don Ghaeilge cé go bhfuil cuid de na réimsí níos faide chun tosaigh ná a chéile.
- Níl mórán maoinithe ag teacht ón Stáit d'forbairt TT na Gaeilge, cé go bhfuil maoiniú flaithiúil ar fáil ag TT go ginearálta sa tír. Nuair a déantar maoiniú ar thionscadal is don gearrthréimhse a bhíonn sé. Fágann sin go mbíonn an dainséar ann go stoptar don obair go tobann agus go gcailltear torthaí na hoibre.
- I réimse na téacsphróiseála tá dul chun cinn déanta go háirithe agus tá uirlisí anailíse moirfeolaíochta, gramadaí agus litrithe ar fáil chomh maith le hacmhainní mar chorpais téacs agus foclóirí.
- Le tamall anuas, tá a lán dul chun cinn déanta chun sintéis agus acmhainní urlabhra a chur ar fáil.
- Tá sé ríthábhachtach go ndéantar an fhorbairt teicneolaíochta ar bhealaí atá dírithe ar na deacrachtaí faoi leith a bhaineann leis an nGaeilge agus leis an gcomhthéacs ina labhraítear í.
- Tá sé tábhachtach fosta i gcás na Gaeilge díriú sa chéad áit ar na feidhmchláir is mó a thacaíonn le pobal na Gaeilge, pobal ina bhfuil líon beag cainteoirí dúchais, líon mór foghlaimeoirí, agus go leor cainteoirí/foghlaimeoirí lasmuigh den tír
- Tá sé ríthábhachtach daingniú ar an obair atá déanta go dtí seo agus a chinntiú go ndéantar forbairt ar bhonn leanúnach.
- Beidh forbairt na teicneolaíochta ag brath go mór ar acmhainní agus áiseanna buana don teanga. Chun seo a thabhairt i gcrích tá gá le infheistiú sa teangeolaíocht cainníochta.

	Méid	Infhaighteacht	Caighdeán	Clúdach	Aibíocht	Inbhuanaitheacht	Inoiriúnaitheacht
Teicneolaíocht Teanga: Uirlisí, Teicneolaíochtaí agus Feidhmchláir							
Aithint cainte	0	0	0	0	0	0	0
Sintéis Chainte	3	3	3	3	2	1	2
Anailís ghramadaí	4	4	3	3	4	4	4
Anailís shéimeantach	2	2	0	0	2	2	1
Giniúint téacs	1	0	1	1	1	1	1
Uathaistriú	2	3	1	1	1	1	1
Acmhainní Teanga: Acmhainní, Sonraí agus Bunachair Eolais							
Corpais téacs	3	4	3	3	4	3	3
Corpais chainte	1	2	3	1	3	3	3
Corpais chomhthreomhara	2	3	2	2	3	2	3
Acmhainní foclóireachta	4	3	4	3	3	3	3
Gramadach	1	3	3	2	2	2	2

8: Bail thacaíocht na teicneolaíochta teanga don Ghaeilge

- Tá easpa taighdeoirí oilte le scileanna Gaeilge agus teicneolaíochta. Beidh gá le Gaeilgeoirí a mhealladh isteach sna cúrsaí a chuireann an oiliúint chuí ar fáil.

Léiríonn na torthaí go bhfuil tacaíocht teicneolaíochta theoranta ann don Ghaeilge agus go bhfuil na bunacmhainní teangeolaíochta le tacú le forbairt na gcroítheicneolaíochtaí in easnamh den chuid is mó. Is léir gur féidir na huirlisí seo a chruthú nuair a dhéantar infheistíocht sna huirlisí agus sna hacmhainní seo.

4.7 COMPARÁID TRASTEANGA

Athraíonn staid reatha tacaíocht TT go mór ó phobal teanga amháin go pobal eile. D'fhonn comparáid a dhéanamh idir teangacha, cuirfear os bhur gcomhair sa chuid seo measúnú bunaithe ar dhá réimse feidhme samplacha (uathaistriúchán agus próiseáil cainte), mar aon le bunteicneolaíocht amháin(anailís téacs), mar aon leis na bunacmhainní a theastaíonn chun feidhmchláir TT a thógáil. Rinneadh catagóiriú ar na teangacha trí úsáid a bhaint as an scála cúig phointe seo a leanas:

1. Tacaíocht den scoth
2. Tacaíocht mhaith
3. Tacaíocht réasúnta
4. Tacaíocht bhriste
5. Tacaíocht lag nó gan tacaíocht ar bith

Tomhaiseadh tacaíocht TT de réir na gcritéar seo a leanas:

Próiseáil Chainte: Caighdeán na dteicneolaíochtaí um aithint cainte atá ann cheana, caighdeán na dteicneolaíochtaí um sintéis chainte, clúdach fearann, líon agus méid na gcorpas teanga atá ann, méid agus éagsúlacht na bhfeidhmchlár caintbhunaithe atá ar fáil.

Uathaistriú: Caighdeán na dteicneolaíochtaí MT reatha, an líon péirí teanga atá clúdaithe, clúdach feiniméin agus fearainn teangeolaíochta, caighdeán agus méid na gcorpas comhthreomhara atá ann, méid agus éagsúlacht feidhmchlár MT atá ar fáil.

Anailís Téacs: Caighdeán agus clúdach na dteicneolaíochtaí um anailís téacs atá ann cheana (moirfeolaíocht, comhréir, séimeantacha), clúdach feiniméin agus fearainn teangeolaíochta, méid agus éagsúlacht na bhfeidhmchlár atá ar fáil, caighdeán agus méid an chorpais téacs (anótáilte) atá ann, caighdeán agus clúdach na n-acmhainní foclóireachta atá ann (e. g., WordNet) agus gramadach.

Acmhainní: Caighdeán agus méid an chorpais téacs, an chorpais teanga agus corpais chomhthreomhar atá ann, agus clúdach na n-acmhainní foclóireachta agus gramadach atá ann.

Léiríonn na táblaí thuas gur i gCatagóir 4: 'Tacaíocht bhriste' nó i gCatagóir 5: 'Tacaíocht lag nó gan tacaíocht ar bith' atá an Ghaeilge i ngach comparáid trasteanga de na réimsí a thaispeánann nach bhfuil teicneolaíochtaí teanga ná acmhainní teanga dóthanacha ag an nGaeilge. Ar an iomlán, tá sé soiléir nach bhfuil go leor acmhainní ná teicneolaíochtaí teanga ar fáil don Ghaeilge.

I bhFigiúir 9, léirítear go bhfuil 'Tacaíocht bhriste' ann do Phróiseáil Teanga don Ghaeilge. Tá tús curtha le roinnt oibre sa réimse seo, áfach. Tá dul chun cinn tábhachtach déanta le blianta beaga anuas i dtreo teicneolaíochtaí agus acmhainní urlabhra a chur ar fáil. Dá dtarlódh an comhdhlúthú agus an forleathnú ceart, d'fhéadfadh teicneolaíochtaí agus acmhainní nua bunaithe ar an bpróiseáil urlabhra a bheith mar aschur ar an obair seo. Tá teicneolaíochtaí urlabhra an-tábhachtach chun tacú le Gaeilge mar mhionteanga, sa ré nua-aimseartha seo: trí mhéadú a dhéanamh ar úsáid na teanga labhartha, trí thacú le foghlaim na teanga, trí rochtain éasca a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí rochtana acu (i. iad siúd a bhfuil míchumais radhairc nó urlabhra orthu, dóibh siúd atá ina gcónaí thar lear, nó i gcomhphobail in áiteanna nach bhfuil teacht éasca acu ar chainteoirí dúchais), agus fiú trí chaomhnú na teanga (trí chainteoirí 'fíorúla' a chur ar fáil a labhraíonn canúintí atá i mbaol).

I bhFigiúir 10, léirítear go bhfuil Aistriúchán Uathoibríoch don Ghaeilge ar leibhéal 'Tacaíocht lag nó gan tacaíocht ar bith'. Cé go bhfuil tacaíocht mhaith ann d'aistriúchán uathoibríoch (MT) i dteangacha Eorpacha eile, tá fadhbanna leis an teicneolaíocht a aistriú go comhthéacs na Gaeilge de bharr easpa bunacmhainní ar leith a bhfuil gá leo don Ghaeilge. I gcás córais MT staitistiúla (e. g. Moses) agus córais MT atá bunaithe ar rialacha (e. g. Apertium) ní féidir forbairt a dhéanamh ar chórais don Ghaeilge toisc nach bhfuil acmhainní teangeolaíochta (cosúil le corpais comhuaineacha agus foclóirí dhátheangacha) ná tuilleadh taighde acadúil i gcomhréir agus i séimeantaic na Gaeilge ann do na teangacha foinseacha ná na sprioctheangacha. Caithfear na bunchéimeanna seo a chur ar fáil ar dtús ionas gur féidir forbairt teicneolaíochta atá riachtanach a dhéanamh ansin.

I bhFigiúir 11, taispeántar 'Tacaíocht lag nó gan tacaíocht ar bith' d'anailís ar théacs don Ghaeilge. Cé go bhfuil tacaíocht mhaith ann d'anailís mhoirfeolaíoch, níl anailís chomhréire ná anailís séimeantaic chomh fada sin chun cinn. I réimse na comhréire, tá gá le taighde bunúsach teangeolaíochta ar fheiniméan chomhréir na Gaeilge. Tá an-chuid oibre fós le déanamh chomh maith i réimse an tséimeantaic, rólanna séimeantacha a oibriú amach chomh maith le fiúsanna do bhriathra agus ranganna séimeantacha d'ainmfhocail, mar shampla. Cé go bhfuil taighde ar siúl sna réimsí seo ar fad, tá sé ilroinnte go maith agus mar sin tá an-fháilte á chur roimh bhunú an 'Irish Network in Formal Linguistics' (http://linguisticsnet.wordpress.com), go háirithe toisc go bhfuil sé mar cheann de na haidhmeanna ag an líonra seo tacú le agus forbairt a dhéanamh ar theangeolaíocht na Gaeilge.

I bhFigiúir 12, léirítear go bhfuil 'Tacaíocht lag nó gan tacaíocht ar bith' ag acmhainní urlabhra agus téacs don Ghaeilge i gcomparáid le teangacha Eorpacha eile. Tá corpais chainte (atá ar ardchaighdeán taifeadta agus atá cothromaithe ó thaobh na foghraíochta de don tsintéis urlabhra) agus acmhainní eile a bhfuil gá leo don teicneolaíocht urlabhra á bhforbairt mar chuid de thionscadal taighde sintéise ABAIR. Ina measc seo tá múnlaí don tuin chainte, rialacha litriú-go-fuaimniú, foclóir fhuaimnithe, srl. agus tá aird ar leith á thabhairt ar an riachtanas atá ann freastal ar na canúintí éagsúla. I réimse na próiseála téacs, tá corpas scríofa a chuimsíonn 30 milliún focal (NCI) ar fáil a bhfuil clibeáil ranna cainte déanta air. Cé go bhfuil corpais chomhthreomhara (Gaeilge – Béarla) ann [29] is i réimsí teoranta cosúil le díospóireachtaí parlaiminteacha, reachtaíocht na hÉireann agus téacsanna Gréasáin eile atá siad. Beidh gá le méadú mór a dhéanamh ar mhéid na gcorpas seo chun níos mó topaicí agus seánraí a thabhairt san áireamh chun tacú le forbairt MT agus le córais eile sa réimse sin. Sa bhreis ar chorpais le téacsanna scríofa, tá gá le corpas cuimsitheach de Ghaeilge labhartha ionas gur féidir taighde teangeolaíochta a dhéanamh mar aon le forbairt ar chórais CALL agus ar chórais don aithint labhartha. Le déanaí thosaigh an tionscadal GaLa (http://www.tcd.ie/slscs/itut) de bheith ag obair ar chorpas diacronach den Ghaeilge labhartha.

Léiríonn an braisliú thar na teangacha uilig nach í an Ghaeilge amháin atá taobh thiar maidir leis na teicneolaíochtaí agus na hacmhainní seo a chur ar fáil. Tá na deacrachtaí céanna ag go leor teangacha Eorpacha eile. I measc na bpríomhthoiscí idirdhealaitheacha, áfach, tá sé soiléir go bhfuil i bhfad níos mó cainteoirí ag na teangacha eile ná mar atá ag an nGaeilge agus níl siad in iomaíocht le teanga a bhfuil acmhainní i bhfad níos fearr aici cosúil leis an mBéarla agus ní mionteangacha iad sna réigiúin ina labhraítear iad. Sa bhreis air seo, ní gá don chuid is mó de na teangacha eile seo dul i ngleic leis na dúshláin teangeolaíochta agus sochtheangeolaíochta atá ann don Ghaeilge. Ní féidir forbairt TT don Ghaeilge a fhágáil faoi smacht fórsaí an mhargaidh agus caithfidh Rialtas na hÉireann ról réamhghníomhach a ghlacadh maidir le forbairt TT a chur chun cinn.

Ag féachaint ar na táblaí sa chomhthéacs seo, feicimid go bhfuil an Ghaeilge go mór i mbaol a bheith fágtha taobh thiar de na teangacha eile agus dul chun cinn i dTeicneolaíocht Teanga á dhéanamh mura dtarlóidh roinnt athruithe móra. Is staid thromchúiseach é seo d'Éirinn go polaitiúil agus go sóisialta. Ach, tá tionscal seirbhísí teanga dúchais láidir ag Éirinn agus tá ionaid taighde don teicneolaíocht urlabhra agus teanga den scoth ann. I bprionsabal, d'fhéadfadh an Ghaeilge céim ollmhór chun cinn a ghlacadh i dtreo aois na faisnéise agus tairbhe a baint as an teicneolaíocht ar iliomad bealaí nach mbeadh soiléir láithreach dóibh siúd a labhraíonn na mórtheangacha. Tá an dealraitheacht ar an scéal go mbeidh ról lárnach ag an teicneolaíocht i gcaomhnú na teanga agus i neartú phobal labhartha na Gaeilge. Cé gur buntáistí sóisialta agus cultúrtha a bheidh soiléir ar an gcéad dul síos, d'fhéadfadh buntáistí móra geilleagracha a bheith mar thoradh ar fhorbairt ar an teicneolaíocht seo trí fhostaíocht agus slí taighde agus forbartha chuig an margadh. Tá an fhéidearthacht ann de bharr an chumasaithe méadaithe do chainteoirí Gaeilge, go mbeadh Éire ina ceannródaí i bhforbairt TT do theangacha nach bhfuil dóthain acmhainní acu, agus a chaithfidh dul i ngleic leis na baic agus na dúshláin chéanna. Beidh gá le cur chuige náisiúnta comhaontaithe a chuimsíonn taighde, tionscal agus beartas teanga chun an sprioc seo a bhaint amach.

4.8 CONCLÚIDÍ

Sa tsraith seo de pháipéir bhána, tá an chéad iarracht thábhachtach seo déanta againn le measúnú a dhéanamh ar thacaíocht teicneolaíochta do 30 teanga Eorpach, agus comparáid ardleibhéil a chur ar fáil do na teangacha seo. Trí na bearnaí, riachtanais agus easnaimh a aithint, tig leis an bpobal teicneolaíochta teanga Eorpaí agus geallsealbhóirí lena mbaineann anois taighde agus clár forbartha ar scála mór dírithe ar Eoraip atá ilteangach agus teicneolaíocht-chumasaithe a dhearadh.

Tá sé tugtha faoi deara againn go bhfuil difríochtaí móra idir teangacha na hEorpa. Cé go bhfuil bogearraí agus acmhainní dea-chaighdeáin ar fáil do roinnt teangacha agus réimsí feidhme, tá bearnaí suntasacha i roinnt eile (teangacha 'neamhfhorleathana' de ghnáth). Níl teicneolaíochtaí bunúsacha d'anailís téacs agus na hacmhainní ríthábhachtacha chun na teicneolaíochtaí seo a bhunú ag go leor teangacha. Tá bunuirlisí agus acmhainní ag teangacha eile ach b'fhéidir nach bhfuil siad in ann infheistiú i bpróiseáil séimeantach go fóill. Dá bhrí sin, caithfimid iarracht a dhéanamh ar scála mór chun an sprioc uaillmhianach a bhaint amach mar shampla d'uathaistriúchán ardchaighdeáin a chur ar fáil idir gach teanga Eorpach.

Rinne tionscadal EUROMAP Language Technologies, [30], i 2003, iniúchadh ar thaighde agus glacadh TT den scoth san Eoraip, mar aon leis an gcúlra don staid reatha i ngach tír. Táthar den tuairim sa tuarascáil gur chóir láithreacht infheicthe do ghníomhaíochtaí TT na hEorpa a bhunú, mar tá éagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch san Eoraip nach bhfaightear in aon limistéar ardgheilleagair eile. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm sraith modúil láidre, chobhsaí, ilteangacha HLT bheith ann, ar féidir iad a leabú i dtimpeallachtaí feidhme IST atá ag teacht chun cinn. Chomh maith leis sin, léiríonn an staidéar cúpla ceann de na buanna faoi leith atá ag Éirinn maidir le taighde agus forbairt TT i réimse na Gaeilge, agus tugtar faoi deara go bhfuil Éire ag feidhmiú de réir an mheáin AE agus, bunaithe ar na méadrachtaí a úsáideadh, go dtiteann sí isteach i ngrúpa tíortha "a bhfuil cumas iontu" maidir le taighde agus forbairt TT, ach go bhfuil infheistiú nach beag ag teastáil má tá sí chun an caighdeán ard a bhaint amach.

Is príomhthoisc atá i saincheist an aistrithe teicneolaíochta, mar a shainaithin EUROMAP, chun áit don Ghaeilge a chinntiú i sochaí nua-aimseartha na faisnéise. Tá éileamh láidir cruthaithe ag na tosca sóisialta, oideachais agus polaitiúla éagsúla in Éirinn ar TFC as Gaeilge toisc go bhfuil ról lárnach ag teicneolaíochtaí digiteacha i ngach réimse na sochaí nua-aimseartha. Mar sin féin, mar a léirigh, is cosúil, a bhfuil ráite thuas, ní féidir talamh shlán a dhéanamh de gur rud simplí é teicneolaíocht a aistriú go teanga nua. Ní bheidh rath air sin gan diantaighde eimpíreach atá dírithe ar fhorbairt na mbunacmhainní. Má dhéantar forbairt ar theicneolaíochtaí cainte agus teanga ní foláir a chur san áireamh cad atá a theastaíonn ón bpobal a labhraíonn an teanga, agus caithfear tús áite a thabhairt do na rudaí a mbeadh tionchur an-dearfach go deo acu.

Bheartaigh Éire a cuid acmhainní a dhíriú ar thionscal seirbhíse TF cumhachtach a thógáil seachas bun taighde teanga náisiúnta a fhorbairt. Mar thoradh air seo, tá go leor saineolais agus logánaithe teanga lonnaithe anois in Éireann agus is mar gheall air seo gur cuireadh borradh faoi thionscal láidir TT i réimsí aistriúcháin agus logánaithe. Ach, tá siad dírithe den chuid is mó ar thacú le spriocanna Eorpacha agus tionscail. Dá bhrí sin, ní chuirtear na teicneolaíochtaí teanga den chéad scoth a fhorbraítear in Éirinn i bhfeidhm go tapa ar leas náisiúnta ná na Gaeilge féin.

Is deis uathúil do thaighde agus d'fhorbairt TT in Éirinn atá sa staid reatha ina bhfuil éileamh soiléir agus i mbun fáis ar theicneolaíochtaí a thacaíonn agus a chumasaíonn an Ghaeilge. Tá tionscnaimh agus treoracha náisiúnta agus Eorpacha ag cruthú éilimh i mbun fáis d'aistriúchán agus logánú faisnéise, cáipéisí agus seirbhísí go Gaeilge. Ag an am céanna, tá an t-éileamh ar chainteoirí, aistritheoirí agus teangeolaithe cumasacha i nGaeilge ag dul in airde. Chruthaigh sé seo éileamh, agus deis do chruthú croí-acmhainní TT den chéad scoth don Ghaeilge, mar aon leis an ngá leis an mbearna idir taighde agus an pobal i gcoitinne a laghdú trí uirlisí nua agus nuálaíocha a chur ar fáil don teanga agus dóibh siúd a dteastaíonn uathu páirt a ghlacadh i sochaí faisnéise trí Ghaeilge. In ainneoin na deacrachtaí a bhaineann le haistriú teicneolaíochta a chur i gcrích beidh sé tábhachtach teacht ar réiteach áit don Ghaeilge a chinntiú sa tsochaí faisnéise, trí TTanna reatha a forbraíodh in Éirinn do theangacha eile a úsáid don Ghaeilge agus é sin a cheangal le haistriú teicneolaíochta TT feabhsaithe.

Léiríonn ár dtorthaí nach bhfuil de rogha ach iarracht mhór a dhéanamh acmhainní TT a chruthú don Ghaeilge, agus iad a úsáid chun taighde, nuálaíocht agus forbairt a chur chun tosaigh. Beidh sé fíorthábhachtach bonneagar nua agus eagraíocht taighde níos comhleanúnaí a fhorbairt chun níos mó roinnte agus comhoibrithe a spreagadh de bharr an ghá le méideanna móra sonraí agus an chastacht a bhaineann le córais teicneolaíochta teanga. Tá gá chomh maith an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi fhorbairtí TT faoi mar atá siad ag teacht chun cinn.

Tá easpa leanúnachais ar mhaoiniú taighde agus forbartha. Is iondúil go leanann tréimhsí le maoiniú gann nó gan maoiniú ar bith do chláir chomhordaithe ghearrthéarmacha. Anuas air sin, tá easpa foriomlán comhordaithe le cláir i dtíortha AE eile agus ag leibhéal an Choimisiúin Eorpaigh.

Tarlaíonn sé go minic go dtiteann an maoiniú don TT Gaeilge idir dhá stól. Níl sainchúram ar leith ag coistí maoinithe don eolaíocht agus don teicneolaíocht i leith na Gaeilge agus níl sainchúram ag forais Ghaeilge maoiniú a chur ar fáil do thaighde. Go dtí seo, is ó ghrúpaí a phléann leis an nGaeilge don chuid is mó a tháinig an maoiniú a fuarthas do TT Gaeilge. Níl sé de nós ag na grúpaí seo tacú le taighde agus mar gheall air sin bíonn teorainn ar an méid airgid a bhíonn ar fáil agus is do thréimhsí gearrthéarmacha amháin a thugtar an maoiniú. Mar thoradh air sin, bíonn ar thaighdeoirí méid ollmhór ama a chaitheamh ag lorg maoinithe. Cé gur baineadh an-chuid amach le linn tréimhsí na dtionscadal gearrthréimhseacha seo, ní féidir leanúint ar an mbealach sin chun an taighde leanúnach atá ag teastáil a bhaint amach chun acmhainní teicneolaíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil don teanga.

Tá fadhb ar leith le maoiniú gearrthréimhseach sa mhéid is go bhfuil an-ghanntanas ar thaighdeoirí a bhfuil an oiliúint chuí sa Ghaeilge/sa teangeolaíocht acu mar aon le hardscileanna teicneolaíochta. Ní féidir íoc as an saghas sin saineolais. Tá infheistíocht mhór ama i gceist le hoiliúint a chur ar thaighdeoirí do thionscadal ar leith, am atá curtha amú go hiomlán má chailltear na taighdeoirí de bharr easpa maoinithe.

I réimse an oideachais, an dúshlán a bheidh ann ná bealaí a aimsiú mic léinn a bhfuil ardchumas mar aon le suim mhór acu sa Ghaeilge a mhealladh i dtreo cúrsaí fochéimithe a thacaíonn le TT. Is acmhainn ríthábhachtach iad cainteoirí dúchais na teanga. Cé go n-éiríonn leis na Léann Éireannach sna hollscoileanna líon mór daltaí a mhealladh, is ar an litríocht agus ar ghnéithe stairiúla agus cultúrtha na teanga a leagtar an bhéim sna Ranna seo. Beidh gá le gníomhaíochtaí dearfacha chun mic léinn a mhealladh i dtreo staidéar ar theangeolaíocht eimpíreach, nasctha le próiseáil urlabhra agus teanga don Ghaeilge.

Tig linn, dá bhrí sin, a thuiscint go bhfuil an-phráinn ag baint le tionscnamh mór comhordaithe dírithe ar na difríochtaí in ullmhacht teicneolaíochta teanga do theangacha Eorpacha ar a n-iomláine.

Is í sprioc fhadtéarmach META-NET teicneolaíocht teanga ardchaighdeáin a chur ar fáil do gach teanga d'fhonn comhaontacht pholaitiúil agus gheilleagrach a bhaint amach trí éagsúlacht chultúrtha. Cuideoidh an teicneolaíocht baic reatha a scrios agus droichid a chruthú idir teangacha na hEorpa. Chun é seo a bhaint amach, caithfidh gach geallsealbhóir –- i réimse na polaitíochta, an taighde, an ghnó agus sa sochaí go ginearálta –- a n-iarrachtaí a chur le chéile sa todhchaí. Chuideodh iarracht mhór chomhordaithe dírithe ar theicneolaíochtaí teanga todhchaí na Gaeilge, mar aon le teangacha eile, a shábháil agus bhunódh sé clár oibre ilteangach don Eoraip agus don domhan ina iomláine [31].

Tacaíocht den scoth	Tacaíocht mhaith	Tacaíocht réasúnta	Tacaíocht bhriste	Tacaíocht lag nó gan tacaíocht
	Béarla	Gearmáinis Iodáilis Fionlainnis Fraincis Ollainnis Portaingéilis Spáinnis Seicis	Bascais Bulgáiris Danmhairgis Eastóinis Gailísis Gréigis **Gaeilge** Catalóinis Ioruais Polainnis Sualainnis Seirbis Slóvaicis Slóivéinis Ungáiris	Íoslainnis Cróitis Laitvis Liotuáinis Máltais Rómáinis

9: Próiseáil chainte: staid na tacaíochta don teicneolaíocht teanga do 30 theanga Eorpacha

Tacaíocht den scoth	Tacaíocht mhaith	Tacaíocht réasúnta	Tacaíocht bhriste	Tacaíocht lag nó gan tacaíocht
	Béarla	Fraincis Spáinnis	Gearmáinis Iodáilis Catalóinis Ollainnis Polainnis Rómáinis Ungáiris	Bascais Bulgáiris Danmhairgis Eastóinis Fionlainnis Gailísis Gréigis **Gaeilge** Íoslainnis Cróitis Laitvis Liotuáinis Máltais Ioruais Portaingéilis Sualainnis Seirbis Slóvaicis Slóivéinis Seicis

10: Uathaistriú: staid na tacaíochta don teicneolaíocht teanga do 30 theanga Eorpacha

Tacaíocht den scoth	Tacaíocht mhaith	Tacaíocht réasúnta	Tacaíocht bhriste	Tacaíocht lag nó gan tacaíocht
	Béarla	Gearmáinis Fraincis Iodáilis Ollainnis Spáinnis	Bascais Bulgáiris Danmhairgis Fionlainnis Gailísis Gréigis Catalóinis Ioruais Polainnis Portaingéilis Rómáinis Sualainnis Slóvaicis Slóivéinis Seicis Ungáiris	Eastóinis **Gaeilge** Íoslainnis Cróitis Laitvis Liotuáinis Máltais Seirbis

11: Anailís téacs: staid na tacaíochta don teicneolaíocht teanga do 30 theanga Eorpacha

Tacaíocht den scoth	Tacaíocht mhaith	Tacaíocht réasúnta	Tacaíocht bhriste	Tacaíocht lag nó gan tacaíocht
	Béarla	Gearmáinis Fraincis Iodáilis Ollainnis Polainnis Sualainnis Spáinnis Seicis Ungáiris	Bascais Bulgáiris Danmhairgis Eastóinis Fionlainnis Gailísis Gréigis Catalóinis Cróitis Ioruais Portaingéilis Rómáinis Seirbis Slóvaicis Slóivéinis	**Gaeilge** Íoslainnis Laitvis Liotuáinis Máltais

12: Acmhainní cainte agus téacs: Staid na tacaíochta do 30 theanga Eorpacha

5

EOLAS FAOI META-NET

Is Gréasáin Sármhaitheasa arna pháirtmhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach atá in META-NET. Tá 54 ionad taighde sa ghréasán faoi láthair ó 33 tír Eorpach. Cothaíonn META-NET, **META**, Comhghuaillíocht Teicneolaíochta Ilteangach na hEorpach (Multilingual Europe Technology Alliance), pobal gairmithe agus eagraíochtaí um theicneolaíocht theangacha san Eoraip, atá i mbun fáis. Cothaíonn META-NET na bunúis teicneolaíochta do shochaí ilteangach Eorpach a dhéanann na nithe seo a leanas:

- cumarsáid agus comhoibriú a chruthú thar teangacha;
- rochtain chomhionann a chruthú ar fhaisnéis agus eolas in aon teanga;
- teicneolaíocht faisnéise breisithe agus inacmhainne a chur ar fáil do shaoránaigh na hEorpa.

Tacaíonn an gréasán leis an Eoraip a aontaíonn mar mhargadh digiteach agus spás faisnéise aonair. Spreagann agus cuireann sé chun cinn teicneolaíochtaí ilteangacha do gach teanga Eorpach. Tacaíonn na teicneolaíochtaí seo le huathaistriúchán, táirgeadh ábhair, próiseáil faisnéise agus bainistiú eolais do réimse leathan feidhmchlár agus fearainn ábhair. Chomh maith leis sin, cumasaíonn siad comhéadain teangabhunaithe le teicneolaíocht ó leictreonaic tí, innealra agus feithiclí go ríomhairí agus róbait. Ó seoladh é an 1 Feabhra 2010, tá roinnt gníomhaíochtaí déanta ag META-NET cheana féin ina thrí líne ghníomhaíochta META-VISION, META-SHARE agus META-RESEARCH.

Cothaíonn **META-VISION** pobal geallsealbhóirí dinimiciúil agus ag a bhfuil tionchar a thagann le chéile timpeall ar fhís choitianta agus clár taighde straitéiseach coitianta (SRA).Is é príomhaidhm na gníomhaíochta seo, pobal LT comhleanúnach agus comhtháite a thógáil san Eoraip trí ionadaithe a thabhairt le chéile ó ghrúpaí geallsealbhóirí ard-ilroinnte agus éagsúil. Réitíodh an Páipéar Bán mar aon le himleabhair do 29 teanga eile. Forbraíodh an comhfhís teicneolaíochta i dtrí Ghrúpa Físe earnálacha. Bunaíodh Comhairle Teicneolaíochta META d'fhonn an SRA bunaithe ar an bhfís a phlé agus a réiteach i gcomhar leis an bpobal LT ar fad.

Cruthaíonn **META-SHARE** áis oscailte, dáilte chun acmhainní a mhalartú agus a roinnt. Tá sonraí teanga, uirlisí agus seirbhísí gréasáin sa ghréasán stór piara-le-piara a thaifeadtar le meiteashonraí ardchaighdeáin agus eagraítear iad i gcatagóir chaighdeánaithe. Is féidir rochtain éasca a fháil ar na hacmhainní seo agus cuardach aonair a dhéanamh orthu. Áirítear leis na hacmhainní atá ar fáil ábhair in aisce, foinse oscailte mar aon le srianta, ar fáil go tráchtála, agus míreanna táillebhunaithe.

Tógann **META-RESEARCH** droichid le réimsí teicneolaíochta ábhartha. Déantar iarracht sa ghníomhaíocht seo, dul chun cinn i réimsí eile a luamhánú agus an úsáid is fearr a bhaint as taighde nuálaíoch ar féidir leis dul chun tairbhe na teicneolaíochta teanga. Go háirithe, díríonn an ghníomhlíne ar thaighde ceannródaíoch a dhéanamh ar aistriúchán uathoibríoch, bailiú sonraí, réiteach sraitheanna sonraí agus eagrú acmhainní teanga chun críocha measúnú; fardail uirlisí agus modhanna a chur le chéile; agus eagrú ceardlanna agus imeachtaí oiliúna do bhaill an phobail.

office@meta-net.eu – http://www.meta-net.eu

EXECUTIVE SUMMARY

During the last 60 years, Europe has become a distinct political and economic structure. Culturally and linguistically it is rich and diverse. However, from Portuguese to Polish and Italian to Icelandic, everyday communication between Europe's citizens, within business and among politicians is inevitably confronted with language barriers. The EU's institutions spend about a billion euros a year on maintaining their policy of multilingualism, i. e., translating texts and interpreting spoken communication. Does this have to be such a burden? Language technology and linguistic research can make a significant contribution to removing the linguistic borders. Combined with intelligent devices and applications, language technology will help Europeans talk and do business together even if they do not speak a common language.

Language technology builds bridges.

The Irish economy takes great advantage of the European single market: In 2010, trade within the EU accounted for 57.9% of Irish exports, and trade with other European countries totalled another 4.9% [2]. But language barriers can bring business to a halt, especially for SMEs who do not have the financial means to reverse the situation. The only (unthinkable) alternative to a multilingual Europe would be to allow a single language to take a dominant position and end up replacing all other languages. One way to overcome the language barrier is to learn foreign languages. Yet without technological support, mastering the 23 official languages of the member states of the European Union and some 60 other European languages is an insurmountable obstacle for Europe's citizens, economy, political debate, and scientific progress.

The solution is to build key enabling technologies: language technologies will offer European stakeholders tremendous advantages, not only within the common European market, but also in trade relations with non-European countries, especially emerging economies. Language technology solutions will eventually serve as a unique bridge between Europe's languages. An indispensable prerequisite for their development is first to carry out a systematic analysis of the linguistic particularities of all European languages, and the current state of language technology support for them.

The automated translation and speech processing tools currently available on the market fall short of the envisaged goals. The dominant actors in the field are primarily privately-owned for-profit enterprises based in Northern America. As early as the late 1970s, the EU realised the profound relevance of language technology as a driver of European unity, and began funding its first research projects, such as EUROTRA. At the same time, national projects were set up that generated valuable results, but never led to a concerted European effort. In contrast to these highly selective funding efforts, other multilingual societies such as India (22 official languages) and South Africa (11 official languages) have set up long-term national programmes for language research and technology development.

The predominant actors in LT today rely on imprecise statistical approaches that do not make use of deeper linguistic methods and knowledge. For example, sentences are often automatically translated by comparing each new sentence against thousands of sentences previously translated by humans. The quality of the output largely depends on the size and quality of the available data. While the automatic translation of simple sentences in languages with sufficient amounts of available textual data can achieve useful results, shallow statistical methods are doomed to fail in the case of languages with a much smaller body of sample data or in the case of sentences with complex, non-repetitive structures. Analysing the deeper structural properties of languages is the only way forward if we want to build applications that perform well across the entire range of European languages.

Language technology is a key for the future.

The European Union is thus funding projects such as EuroMatrix and EuroMatrix+ (since 2006) and iTranslate4 (since 2010), which carry out basic and applied research, and generate resources for establishing high quality language technology solutions for all European languages.

European research in the area of language technology has already achieved a number of successes. For example, the translation services of the European Union now use the Moses open-source machine translation software, which has been mainly developed in European research projects. The Verbmobil project, funded by the German Ministry of Education and Research (BMBF) between 1993 and 2000, pushed Germany into the lead in the world of speech translation research for a time. Many of the research and development labs located in Germany at the time (e. g., IBM and Philips) have since been closed down or moved elsewhere. Rather than building on the outcomes of these research projects, Europe has tended to pursue isolated research activities with a less pervasive impact on the market. The economic value of even the earliest efforts can be seen in the number of spin-offs. A company such as Trados, which was founded back in 1984, was sold to the UK-based SDL in 2005.

Language Technology helps to unify Europe.

